# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Michael McGRATH

## Daonlathas, Ceartas agus an Smacht Reachta

**1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí agus de do thaithí phearsanta atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Tá an-taithí agam ar obair an pharlaiminteora ar an leibhéal náisiúnta, agus 17 mbliana caite agam i mbun seirbhíse. Ar feadh breis is ceithre bliana díobh sin, is ar leibhéal sinsearach aireachta a bhí mé ag obair. Le linn na tréimhse sin, agus mé ag obair i ndlúthchomhar le comhghleacaithe ar fud an rialtais, chuaigh mé i ngleic le COVID-19, leis an gcogadh san Úcráin, agus le tionchar an bhoilscithe aird ar an gcostas maireachtála, rudaí a bhí ina ndúshláin chasta eacnamaíocha agus shóisialta.

Is údar ríméid dom gur mise an Coimisinéir ainmnithe um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta. Mar a dúirt an tUachtarán von der Leyen sa Litir Mhisin a chuir sí chugam, is ar an gceartas agus ar an smacht reachta a bhraitheann daonlathas agus geilleagar na hEorpa. Táim ag tnúth le bheith ag obair de mheon coláisteachta i gcomhar le Comhaltaí an Choláiste, leis an gComhairle, leis an bParlaimint agus leis an tSochaí Shibhialta chun beart a dhéanamh de réir ár gcuspóra comhroinnte gur slán rathúil a bheidh muintir agus saoránaigh an Aontais seo againne.

Traidisiún daonlathach na tíre arb aisti mé, tá sé gan bhriseadh gan bhearnú le breis agus 100 bliain, rud a fhágann gur maith atá a fhios agam cé chomh tábhachtach agus atá saorthoghcháin chóra, cur i bhfeidhm an smachta reachta, agus meáin neamhspleácha iolraíocha. Táim fíorthiomanta seasamh lenár gcuid luachanna comhpháirteacha agus leis an gCairt um Chearta Bunúsacha, agus is rud é sin a dhéanfaidh an t-eolas dom i ngach gné de mo chuid oibre.

An fhís atá agam maidir leis an ngeilleagar, tá sé cruthaithe agam gur fís í a chothaíonn an nuálaíocht, a thacaíonn leis an ngnó, agus a thugann tús áite don chothromas sóisialta. Aithním gur iontach an méid atá cuideachtaí nuálacha in ann a bhaint amach, agus oibreoidh mé lena áirithiú go bhfuil struchtúir dhlíthiúla chuí i bhfeidhm a fhágfaidh go mbeidh a oiread deiseanna agus is féidir ar fáil don earnáil sin, agus áiritheoidh mé ag an am céanna nach mbeidh siad thíos le hualaigh riaracháin nach gá.

Tá sé feicthe agam gur ollmhór mar a théann an teicneolaíocht dhigiteach i bhfeidhm ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar i gcoitinne agus mar a chuireann sí leo, agus feicim an maitheas atá inti. Mar sin féin, tuigim freisin gur féidir gur dochar a dhéanfaí de bharr úsáid na teicneolaíochta sin, dochar dár ndaonlathais, cuir i gcás. I ndáil leis an méid sin, tá mé tiomanta bearta a chur chun cinn chun saoránaigh, an tsochaí agus institiúidí daonlathacha a chosaint faoin Sciath um an Daonlathas Eorpach atá ar na bacáin, agus tá mé tiomanta tomhaltóirí a chosaint ar chleachtais dhíobhálacha ar líne tríd an nGníomh um Chothroime Dhigiteach.

I dtreoirlínte polaitiúla an Choimisiúin, leagtar cúrsa amach i gcomhair obair an Aontais le linn thréimhse an tsainordaithe atá le teacht, cúrsa arb é is cuspóir dó an Eoraip a bheith níos tapúla agus níos simplí, í a bheith níos

sláine ar gach bealach, agus cur leis an rathúnas atá ar mhuintir agus saoránaigh na hEorpa a bhuí le creat daonlathach neartaithe.

Bainfidh Comhaltaí uile an Choláiste an méid sin amach trí na prionsabail chéanna a fhréamhú i ngach gné dá gcuid oibre; agus táimse tiomanta é sin a dhéanamh sna réimsí freagrachta a bhaineann liom féin trí bhearta a chur chun cinn a chosnóidh ár ndaonlathas ar na rudaí is mó atá á chur i mbaol, rud a dhéanfaidh mé faoi scáth Sciath nua um an Daonlathas Eorpach. Déanfaidh mé an smacht reachta a chur chun cinn agus a chosaint ar mhaithe le gach saoránach agus gach gnólacht san Aontas, cothóidh mé an ceartas, cosnóidh mé tomhaltóirí, agus oibreoidh mé i ndlúthchomhar le mo chuid comhghleacaithe maidir le tosaíochtaí trasearnálacha.

Táim an-tiomanta do luachanna an Aontais agus is cúis mhór bhróid dom go pearsanta an tAontas seo againn. Féachfaidh mé leis na buntáistí agus na deiseanna a bhaineann lenár gcuid oibre a chur os ard trí na fóraim éagsúla atá ar fáil, ionas go scaipfear an scéal ar a oiread daoine agus is féidir. Maidir leis an méid sin, beidh tábhacht thar na bearta le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, agus creidim gur cúnamh dom, agus mé i mbun mo chuid oibre le linn thréimhse an tsainordaithe atá romhainn, a bheidh sa taithí atá agam ar chomhdhearcadh a spreagadh.

Chun treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme go héifeachtach, beidh gá le slata tomhais agus le tuairisciú tráthrialta. Is uirlis chuimsitheach atá sa tuarascáil bhliantúil maidir leis an Smacht Reachta, agus áiritheoidh mé go rannchuideofar tríd an uirlis sin le faireachán a dhéanamh ar chomhrac an éilithe, leis an gcomhrac céanna a chur chun cinn, leis an neamhspleáchas breithiúnach agus saoirse na meán a chur chun cinn, agus le taca a chur faoinár gcuid luachanna daonlathacha. Tá mé ag tnúth leis an deis a bheith agam an Tuarascáil a fheabhsú trí ghné Margaidh Aonair a chur léi.

*Príomhshruthú inscne agus gné na hinscne*

Tá dlúthcheangal ag beartais Cheartais le beartais Chomhionannais. Tá sé de rún agam a bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir ainmnithe LAHBIB agus rannchuidiú, trí na sainchúraimí a bheidh ormsa, leis na tionscnaimh a bheidh á stiúradh aicise chun an comhionannas a chur chun cinn, an comhionannas inscne san áireamh. Cuirfidh an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí ionchur ar fáil maidir leis an méid sin freisin.

Roinnt de na réimsí beartais a bheidh faoi mo chúram, is réimsí iad a bhfuil gné láidir inscne ag baint leo ó nádúr. I réimse an cheartais, mar shampla, tá gné láidir inscne ag baint le cearta íospartach, leis an smacht reachta agus le cosaint an daonlathais.

I mo chuid oibre maidir leis an daonlathas, áiritheoidh mé go ndéanfar ceist na hinscne a phríomhshruthú. Sampla de réimse ina ndéanfar é sin is ea sábháilteacht iarrthóirí polaitiúla agus ionadaithe tofa, ó tharla gur mná is mó atá thíos le bagairtí agus brú atá níos tromchúisí ná mar a bhíodh. Scrúdóidh mé freisin conas an príomhshruthú inscne a chuimsiú i réimsí beartais eile, ar nós an bheartais tomhaltóirí, ós réimse é sin inarbh fhéidir gné na hinscne a chur san áireamh ar bhealach níos fearr.

*Príomhshruthú na hÓige*

Tá sé i gceist agam a bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir ainmnithe MICALLEF chun a áirithiú go gcuimseofar gné óige sna beartais a mbeidh maoirseacht á déanamh agam orthu. I mo cháil mar Choimisinéir ainmnithe um an Daonlathas, tuigim go bhfuil géarghá leis an óige a bheith rannpháirteach inár bpróisis chinnteoireachta, más áil linn a áirithiú go mbeidh rath ar an daonlathas. Dá réir sin, déanfaidh mé tosaíocht de rannpháirtíocht na hóige. Ar na bealaí is mó a ndéanfaidh mé amhlaidh, beidh Idirphléití Bliantúla Beartais leis an Aos Óg a eagrú, rud a gcuirfear tús leis sula mbeidh an chéad 100 lá caite, agus beidh rannpháirtíocht rialta le heagraíochtaí óige.

Ina theannta sin, cuirfidh mé san áireamh go huile agus go hiomlán na riachtanais atá ag daoine óga maidir le rochtain ar cheartas sibhialta agus ar cheartas coiriúil, i bhfianaise thionchar na coireachta ar íospartaigh óga, agus féachfaidh mé le heolas níos fearr a chothú i ndaoine óga i leith shaoránacht an Aontais, trí na buntáistí a bhaineann leis an tsaoránacht sin a chur os a gcomhair ar bhealach níos fearr.

Is foghrúpa tábhachtach tomhaltóirí atá i ndaoine óga, ós rud é go gcleachtann siad patrúin shonracha tomhaltais. Tá sé i gceist agam é sin a bheith fite fuaite i bhforbairt an Ghnímh um Chothroime Dhigiteach, gníomh inar cheart tionchairí meán sóisialta agus cleachtais dhíobhálacha ar líne a chur san áireamh go mór mór.

*Comhlíonadh mo chuid dualgas*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, urramóidh mé go hiomlán fuarlitir agus éirim an Chonartha, go háirithe an oibleagáid gníomhú ar mhaithe le leas na hEorpa agus gan aon teagasc a ghlacadh, oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 17(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 245 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, chomh maith le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla, a leagtar síos in Airteagal 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Geallaim go seachnóidh mé aon staid nó aon chás a d'fhéadfadh amhras a spreagadh i dtaobh mo neamhspleáchais nó mo neamhchlaontachta, nó i dtaobh mé a bheith ar fáil don Choimisiún, agus go gcuirfidh mé Uachtarán an Choimisiúin ar an eolas faoi aon chás a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ag baint leis le linn dom a bheith ag comhlíonadh mo chuid dualgas oifigiúil.

Urramóidh mé freisin an Cód Iompair do Chomhaltaí den Choimisiún Eorpach agus na forálacha atá ann maidir le coinbhleachtaí leasa. Tá mo Dhearbhú Leasanna líonta isteach agam agus tá rochtain ag an bpobal air, agus tabharfaidh mé cothrom le dáta é go pras más gá aon athrú air.

Ní iarrfaidh mé teagasc ar aon eintiteas ná ní ghlacfaidh mé teagasc ó aon eintiteas. Is é an aidhm atá agam gach leas atá i gceist a chur san áireamh, is cuma cad is tionscnamh náisiúnta, réigiúnach, gairmiúil nó pearsanta dóibh, agus oibriú i dtreo chur chun feidhme na dtreoirlínte polaitiúla dá réir.

Tacaím go hiomlán lenár dtiomantas don trédhearcacht atá leagtha amach sa Chód Iompair. Gach teagmháil agus gach cruinniú a bheidh agam le heagraíochtaí gairmiúla nó le daoine féinfhostaithe maidir le haon ábhar a bhaineann le ceapadh agus cur chun feidhme bheartais an Aontais, geallaim iad a phoibliú i gcomhréir le rialacha an Choimisiúin.

**2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

Geallaim go gcuirfidh mé chun feidhme go hiomlán na forálacha fadréimseacha atá i gCreat-Chomhaontú 2010, agus i gComhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, i dtaca le trédhearcacht agus sreabhadh faisnéise idir an dá institiúid.

*Mé a bheith cuntasach do Pharlaimint na hEorpa*

An caidreamh a bheidh agamsa agus ag mo *cabinet* le Parlaimint na hEorpa, is mian liom gur ar an iontaoibh, ar an trédhearcacht agus ar chúnamh frithpháirteach a bheidh an caidreamh sin bunaithe. I mo cháil mar Chomhalta den Choimisiún, beidh mé freagrach agus cuntasach go pearsanta don Pharlaimint as mo chuid gníomhaíochtaí agus as gníomhaíochtaí mo chuid ranna, an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí go háirithe, atá ar cheann d'ard-stiúrthóireachtaí an Choimisiúin. Mar gheall ar an taithí atá agam ar obair an pharlaiminteora, tá ardmheas agus tuiscint ghrinn agam ar an ról ríthábhachtach atá ag an daonlathas parlaiminteach san Aontas seo againne. Beidh sé sin le sonrú ar an mbealach a bpléifidh mé le Parlaimint na hEorpa.

Táim ag tnúth leis an deis a bheith agam a bheith rannpháirteach i mbabhtaí plé tráthrialta le mo chuid comhghleacaithe sa Pharlaimint, idir le linn seisiúin iomlánacha agus i gcruinnithe coiste, rud a dhéanfaidh mé de mheon comhair agus urraime. Eascraíonn léargais ríthábhachtacha as na tuarascálacha agus as na rúin a chuireann Coistí Pharlaimint na hEorpa i dtoll a chéile, agus tá mé ag tnúth le bheith ag obair chun iad sin a ionchorprú sa phróiseas pleanála agus foirmlithe beartais, rud a dhéanfaidh mé i ndlúthchomhar le comhaltaí agus Rapóirtéirí na gCoistí.

Bealach luachmhar eile chun teacht ar léargais bhreise maidir le tosaíochtaí na Parlaiminte is ea rannpháirtíocht le hidirghrúpaí Pharlaimint na hEorpa, agus is i gcás réimsí trasearnálacha go háirithe atá sé sin amhlaidh, cearta

LADTIA, rannpháirtíocht na hóige, agus an t-aistriú digiteach mar shampla. Tá sé d'aidhm agam na deiseanna sin a thapú go hiomlán.

*Na gealltanais shonracha atá mé a thabhairt maidir le mo rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus maidir le bheith i láthair sa Pharlaimint*

De bharr go bhfuil an-taithí agam ar obair an pharlaiminteora ar an leibhéal náisiúnta, tuigim gur rud é an comhar idirinstitiúideach atá ríthábhachtach ar mhaithe le feidhmiú chóras institiúideach an Aontais agus le héifeachtúlacht, dlisteanacht agus dea-rialú phróiseas cinnteoireachta an Aontais. Tá an rannpháirtíocht dhíreach leis an bParlaimint ar cheann de na réimsí oibre is mó a bhfuil mé ag tnúth le tabhairt faoi.

I mo cháil mar Choimisinéir ainmnithe ar ar leagadh cúraimí an daonlathais agus na saoránachta, is geal liom an ról atá ag an bParlaimint mar urlabhraí thar ceann shaoránaigh na hEorpa agus is geal liom gurb í eiseamláir an daonlathais Eorpaigh í. Dá bhrí sin, oibreoidh mé i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa agus geallaim go bhfreastalóidh mé ar dhíospóireachtaí iomlánacha maidir le saincheisteanna a bhaineann leis na sainchúraimí a bheidh ormsa.

Geallaim freisin go dtabharfaidh mé cuairt go tráthrialta ar na coistí ábhartha sa Pharlaimint le haghaidh idirphlé struchtúrtha, chun cúrsaí cur chun feidhme agus forfheidhmithe a phlé, agus go labhróimid le chéile faoi thionscnaimh thábhachtacha nua. Coinneoidh mé sreabhadh rialta díreach faisnéise ar bun le cathaoirligh na gcoistí sin agus beidh fáilte agam i gcónaí roimh Chomhaltaí ar mian leo bualadh liom.

Beidh mé rannpháirteach freisin sna cruinnithe tríthaobhacha a bhaineann le comhaid a bheidh faoi mo chúram, cruinnithe ina mbeidh mé i mo bhróicéir macánta idir an Pharlaimint agus an Chomhairle. Mar a leagadh amach sna Litreacha Misin, leanfaidh mé obair na Parlaiminte maidir le rúin faoi Airteagal 225 go háirithe, agus geallaim go bhfreagróidh mé iarrataí ar thograí reachtacha sa tslí go n-urramófar go hiomlán prionsabail na comhréireachta, na coimhdeachta agus na reachtóireachta níos fearr.

*Oibriú i gcomhar leis na comhreachtóirí go tráthúil agus ar bhonn comhionann*

In go leor de na réimsí a mbeidh freagracht dhíreach agam astu, gníomhaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle mar chomhreachtóirí.

Ba cheart Parlaimint na hEorpa a bheith ar bhonn comhionann leis an gComhairle maidir le gach tionscnamh dlíthiúil agus polaitiúil a thiocfaidh faoi mo chúram.

Chun a bhfuil sa chlár oibre ceartais a bhaint amach, caithfear an comhar dílis idirinstitiúideach a urramú go hiomlán. Sin an fáth a ndéanfaidh mé an Creat-Chomhaontú agus an Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr a chur i bhfeidhm go hiomlán sna réimsí as a mbeidh mé freagrach.

**<u>Ceisteanna ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra</u>**

*3. Cad iad na haidhmeanna agus na gníomhaíochtaí féideartha atá beartaithe agat i dtaobh an chéad Chláir Oibre eile do Thomhaltóirí, 2025-2030, agus i dtaobh an Phlean Gníomhaíochta Nua maidir le tomhaltóirí sa Mhargadh Aonair? Faoi chuimsiú an Ghnímh um Chothroime Dhigiteach, cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat dul i ngleic le teicnící díobhálacha agus cleachtais tráchtála dhíobhálacha a bhaineann le patrúin dhorcha, margaíocht ag tionchairí na meán sóisialta, dearadh andúileach táirgí digiteacha, próifíliú ar líne go háirithe nuair a dhéantar leochaileachtaí tomhaltóirí a dhúshaothrú chun críoch tráchtála, agus mionaoisigh a chosaint ar bhealach níos fearr? I bhfianaise na dtionscnamh sin go léir atá ar na bacáin, conas a d'áiritheofá comhsheasmhacht agus easpa forluí leis an reachtaíocht atá ann cheana, amhail an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, agus an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha, agus, go ginearálta, conas a shamhlófá go ndéanfaí na beartais sábháilteachta táirgí a nuachóiriú agus a fhorfheidhmiú chun a áirithiú go mbeidh tíortha an Aontais at thús cadhnaíochta ar bhonn domhanda ó thaobh cosaint tomhaltóirí agus sábháilteacht táirgí de, mar a iarrtar i do litir mhisin? An bhféadfá sinn a chur ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí atá ar na bacáin chun cothroime agus sláine ár gcórais pholaitiúil a chaomhnú agus, sa chomhthéacs sin, do rannpháirtíocht a dhearbhú chun oibriú le IMCO, go háirithe maidir le trédhearcacht an togra i dtaca le hionadaíocht leasa tríú tír? Cén chaoi a n-idirghníomhódh an togra seo leis an Sciath um Dhaonlathas Eorpach atá beartaithe?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, ba mhaith liom an Clár Oibre do Thomhaltóirí, 2025-2030, a thabhairt chun cinn mar fhís chomhroinnte a dhéanfaidh difear do shaol daoine. Tá ról lárnach ag tomhaltóirí inár ngeilleagar sóisialta margaidh, rud a chuireann leis an bhfás inbhuanaithe agus le Margadh Aonair níos iomaíche. Is iad na roghanna a dhéanann tomhaltóirí a chinneann na torthaí a bhaineann cuideachtaí amach. Ach ar an gcaoi chéanna, cuirfidh mé chun cinn, trínár mbeartas tomhaltóirí, aistriú cothrom chuig geilleagar glas digiteach, lena gcothófar fás eacnamaíoch tríd an gcomhtháthú sóisialta, lena gcosnófar agus lena gcumhachtófar tomhaltóirí, agus lena gcuirfear rogha leathan táirgí inbhuanaithe ar fáil, a beidh ar phraghas réasúnta ionas gur acmhainn do na daoine is leochailí iad a cheannach freisin.

Beidh an Plean Gníomhaíochta maidir le tomhaltóirí sa Mhargadh Aonair mar chuid den Chlár Oibre do Thomhaltóirí, rud a d'fhéadfadh díriú go sonrach ar an bhforfheidhmiú freisin. Is é a chruthaíonn cothrom iomaíochta, do thomhaltóirí agus do chuideachtaí araon, sa Mhargadh Aonair ná gur go hiomlán, go cothrom agus go héifeachtach a chuirtear rialacha chun feidhme. Teastaíonn faisnéis agus cearta infheidhmithe ó thomhaltóirí, ach ní féidir linn ró-ualach a chur ar chuideachtaí atá ag streachailt de dheasca rómhaorlathais. Aontaím go hiomlán leis an mbéim a cuireadh ar chur chun feidhme, ar shimpliú agus ar sheachadadh sa litir mhisin a cuireadh chugam. Tá sé beartaithe agam freisin gníomhaíochtaí a dhéanamh chun táirgí agus iompraíochtaí ciorclacha a spreagadh, comhar idirnáisiúnta a neartú, agus cosaint níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí ar tháirgí neamhshábháilte ar ardáin ar líne.

Leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le tomhaltóirí sa Mhargadh Aonair, chosnófaí tomhaltóirí ar idirdhealú éagórach i gcás seachadadh trasteorann earraí agus seirbhísí trí aghaidh a thabhairt ar shrianta íocaíochta, srianta críochacha ar sholáthar agus soláthar seirbhísí airgeadais trasteorann. Is rud é lena gcuirfear na tairbhí a bhaineann leis an Margadh Aonair ar fáil do gach tomhaltóir.

Is é an lúb ar lár atá i leabhar rialacha digiteacha an Aontais ná nach bhfuil an Gníomh um Chothroime Dhigiteach ann.

Tá an reachtaíocht dhigiteach a glacadh le déanaí, amhail an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus an Ionstraim um Margaí Digiteacha, ceannródaíoch agus beidh tionchar dearfach aici ar chosaint tomhaltóirí, lena n-áirítear trí chreat tacaíochta a chur ar fáil chun cearta tomhaltóirí a chosaint ar líne. Mar sin féin, léiríodh i gconclúidí na Seiceála Oiriúnachta Cothroime Digití go bhfuil bearnaí fós ann agus ní mór dúinn leanúint d'aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh ar bhealach spriocdhírithe comhréireach. Go háirithe, teastaíonn níos mó soiléireachta uainn maidir leis an méid a cheadaítear agus maidir leis an méid nach gceadaítear ar líne. Tá sé beartaithe agam aghaidh a thabhairt ar na ceithre phríomhcheist ar tarraingíodh aird orthu sa litir mhisin a cuireadh chugam, mar atá patrúin dhorcha, margaíocht tionchairí, dearadh andúile agus pearsanú fadhbach, go háirithe i gcásanna ina mbaintear leas as leochaileachtaí tomhaltóirí. Ní mór dúinn freisin measúnú a dhéanamh ar fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le conarthaí digiteacha agus síntiúis dhigiteacha, amhail nósanna imeachta deacra le haghaidh cealuithe. Ba mhaith liom aird ar leith a thabhairt ar mhionaoisigh a chosaint ina gcáil mar thomhaltóirí ar líne, ós úsáideoirí gníomhacha seirbhísí digiteacha iad (e.g. na meáin shóisialta, físchluichí). Ós minic iadsan ar na daoine is túisce a ghlacann le teicneolaíochtaí nua, bíonn easpa ghéar cosanta acu ar rioscaí.

Leis an nGníomh um Chothroime Dhigiteach, cosnófar tomhaltóirí sa réimse digiteach agus áiritheofar gur féidir leo tairbhe iomlán a bhaint as an margadh digiteach. Chomhlánódh sé reachtaíocht eile, rud a d'áiritheodh creat comhleanúnach comhsheasmhach. Mar shampla, i gcás patrúin dhorcha, leagtar amach sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha oibleagáidí dearaidh d'ardáin ar líne. D'fhéadfadh an Gníomh um Chothroime Dhigiteach oibleagáidí forlíontacha a chur ar ghníomhaithe tráchtála eile. Ní mór feidhm a bheith ag an leabhar rialacha digiteacha nua sa chleachtas agus, mar a mhínítear faoin gcéad cheist eile maidir le forfheidhmiú, áiritheoidh mé, má dheimhnítear m'ainmniúchán, go ndéanfar faireachán air agus go bhforfheidhmeofar é ar bhealach a bheidh comhleanúnach comhlántach le reachtaíocht tomhaltóirí, ar bhealach lena n-áiritheofar cosaint agus iomaíochas éifeachtach. Tabharfaidh mé aird freisin ar thuairimí cuideachtaí, chun a áirithiú go mbeidh sé éasca na rialacha a chur chun feidhme agus go mbeidh an t-ualach is lú is féidir ag baint leo.

Maidir le sábháilteacht táirgí, díreoidh mé ar an Rialachán úrnua maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú agus ar na huirlisí atá ann cheana a nuachóiriú chun faireachas margaidh níos éifeachtúla a áirithiú, rud a dhéanfar trí úsáid níos fearr a bhaint as uirlisí TF go príomha. Chun leas iomlán a bhaint as na nósanna imeachta nua faoin Rialachán, d'oibreoinn chun tacú le faireachas margaidh agus comhiarrachtaí forfheidhmiúcháin na mBallstát. Mar shampla, trí chomhghníomhaíochtaí tástála táirgí a eagrú ar chuid díobh an rúnsiopadóireacht, nó trí scuab-imscrúduithe sábháilteachta táirgí ar leibhéal an Aontais a éascú, go háirithe maidir le díolacháin ar líne, is féidir linn a chruthú go dtugann an tAontas aire do na tomhaltóirí. Caithfidh na bearta sin rannchuidiú ar bhealach ríthábhachtach maidir le dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann

le hardáin ríomhthráchtála, arb ardáin iad ar a bhfuil fás as cuimse ag teacht ar dhíolacháin, in ainneoin lear mór cásanna aitheanta de neamhchomhlíonadh táirgí. Tá sé ríthábhachtach go ngníomhóidh an tAontas chun sábháilteacht táirgí a thagann ó thríú tíortha a áirithiú, ar an mbealach céanna agus a n-áirithímid sábháilteacht táirgí a cheannaítear san Aontas nó i siopaí. Beidh sé d'aidhm agam a áirithiú go n-urramóidh gach gníomhaí ar líne a oibleagáidí sábháilteachta nua. Ba mhaith liom freisin go leanfadh an tAontas d'ardchaighdeáin sábháilteachta táirgí a chur chun cinn ar fud an domhain trí chomhar níos dlúithe le comhpháirtithe idirnáisiúnta straitéiseacha.

An Sciath nua um an Daonlathas Eorpach a leagtar amach sna Treoirlínte Polaitiúla, beidh sí ina tionscnamh suaitheanta chun cothroime, iolrachas agus sláine ár gcórais pholaitiúil a chaomhnú trína cosaint ar ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, is tosaíocht mhór de mo chuid a bheidh sa mhéid sin, agus mé ag obair i gcomhar le mo chomh-Choimisinéirí. Ní féidir talamh slán a dhéanamh den daonlathas riamh, agus ní mór dúinn córais an Aontais a chosaint ar chur isteach eachtrach urchóideach agus ar chreimeadh araon. Is féidir linn gné Eorpach a thabhairt isteach freisin chun a áirithiú gur féidir le saoránaigh a bheith bródúil as an gcaoi a leanfaidh an Eoraip de bheith ag forbairt mar dhaonlathas beo dinimiciúil. Tá daonlathais ar fud an domhain ag gníomhú chun a n-athléimneacht a mhéadú sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair. An Rialachán maidir le Fógraíocht Pholaitiúil a glacadh le déanaí, is sampla é de riail de chuid an Aontais lena dtreisítear ár gcosaintí daonlathacha trína dhéanamh níos éasca do shaoránaigh fógraí polaitiúla a aithint, tuiscint a fháil ar cé atá taobh thiar díobh, agus fios a bheith acu an bhfuair siad fógra spriocdhírithe, ionas gur fearr is féidir leo roghanna eolasacha a dhéanamh. Amach anseo, ba cheart don Aontas leanúint de bheith ag rannchuidiú le caighdeáin a leagan síos maidir le conas aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dár ndaonlathais ar bhealach comhleanúnach, cothrom agus comhréireach, agus cearta bunúsacha agus luachanna an Aontais á n-urramú go hiomlán.

Tá córas láidir srianta agus ceartúchán i gceist leis an daonlathas. Oibreoidh mé go gníomhach chun trédhearcacht agus sláine a chur chun cinn i réimse an daonlathais. D'fhéadfadh contúirtí don daonlathas teacht as cúbláil eachtrach, bréagaisnéis nó rioscaí intíre amhail creimeadh institiúidí daonlathacha nó meath ar chleachtais rannpháirtíochta. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé go gníomhach leis na comhreachtóirí i dtaca le cur chun cinn na Treorach atá beartaithe maidir le hionadaíocht sainleasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha. Is freagairt é an togra sin ar ábhair imní atá ag dul i méid maidir le hiarrachtaí tionchair eachtraigh san Aontas.

Tá a fhios agam gur ábhar imní leanúnach é sin sa Pharlaimint: Ina rúin, leag an Pharlaimint béim ar a thábhachtaí atá sé trédhearcacht tionchair eachtraigh a áirithiú trí ionadaithe leasa agus d'fháiltigh sí roimh ghlacadh an Phacáiste maidir le Cosaint an Daonlathais, lena n-áirítear an treoir atá beartaithe. Tá dianmheasúnú tionchair mar bhonn taca leis an togra ón gCoimisiún, rud a d'iarr Parlaimint na hEorpa freisin ina Moltaí maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar rialacha Pharlaimint na hEorpa maidir le trédhearcacht, sláine, cuntasacht agus frith-éilliú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh mé ag tnúth le bheith ag obair leis an Rapóirtéir agus leis na scáth-rapóirtéirí chun an obair a chur chun cinn sna míonna amach romhainn. Thabharfainn aird ar leith ar shaincheisteanna amhail soiléireacht agus éifeachtúlacht an togra a áirithiú, an t-ualach riaracháin a íoslaghdú agus coimircí láidre a bheith ann, lena n-áirítear coimircí i gcoinne an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann go ndéanfaí oibreoirí eacnamaíocha sonracha agus eagraíochtaí sonracha de chuid na sochaí sibhialta a stiogmatú. An toradh a bheidh ar an méid sin, féadfaidh sé a léiriú gur féidir an trédhearcacht a úsáid chun muid a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le cur isteach.

Beidh tomhaltóirí, an daonlathas agus an smacht reachta ina dtosaíochtaí agam ó thús deireadh thréimhse mo shainordaithe.

*4. Tá forfheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí ríthábhachtach don bheartas tomhaltóirí agus, dá bhrí sin, ba cheart é a bheith ina thosaíocht do na blianta atá le teacht, mar a chuirtear i dtábhacht freisin i do litir mhisin. Conas a d'áiritheofá go ndéanfaí an reachtaíocht maidir le cosaint tomhaltóirí a fhorfheidhmiú go cuí ar an leibhéal trasteorann agus ar an leibhéal náisiúnta agus cad iad na bearta atá i gceist ag an gCoimisiún Eorpach a ghlacadh chun sásraí comhair agus cumhachtaí forfheidhmiúcháin na n-údarás náisiúnta a neartú tuilleadh, lena n-áirítear maidir le ról agus cúraimí an Ghréasáin um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí? An bhfuil sé beartaithe agat athbhreithniú a thíolacadh ar an Rialachán maidir le Comhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí laistigh den chéad 100 lá den sainordú? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat tuairisciú do Choiste IMCO maidir le torthaí na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin sin agus maidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe chun iad a fheabhsú tuilleadh?*

Agus dlús curtha leis an ríomhthráchtáil agus leis an digitiú tar éis phaindéim COVID-19, tá dúshláin nua forfheidhmithe tagtha chun cinn, rud atá méadaithe mar gheall ar theacht gníomhaithe nua, atá tagtha ó thríú tíortha

i mórán cásanna, agus atá i gceannas anois ar mhargaí tomhaltóirí an Aontais. An nós atá ag tomhaltóirí ceannach ar líne, is nós é atá ag síordhul i ndéine, ach níl dlí bunúsach na dtomhaltóirí á chomhlíonadh go leordhóthanach fós. Léiríonn sonraí ó sheiceálacha bliantúla ar chomhlíonadh a dhéanann an Gréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí faoi chomhordú an Choimisiúin, léiríonn siad nach gcomhlíonann ar an meán ach 50 % de na suíomhanna gréasáin a sheiceáiltear cearta bunúsacha tomhaltóirí. Léiríonn sé sin go bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta, rud a bhfuil fonn orm tabhairt faoi. Cé gur faoi na húdaráis náisiúnta atá sé na rialacha maidir le cosaint tomhaltóirí a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear na rialacha sin a eascraíonn as dlí an Aontais, comhordaíonn agus tacaíonn an Coimisiún lena gcuid oibre faoin Rialachán maidir le Comhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí chun forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú i leith sáruithe forleathana agus sáruithe uile-Aontais.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé i gceist agam a bheith ag obair maidir le roinnt snáitheanna éagsúla:

Más áil linn a áirithiú go gcomhlíontar dlí na dtomhaltóirí, gnéithe ríthábhachtacha is ea an comhshásamh agus an sásamh príobháideach, lena n-áirítear nósanna imeachta um réiteach malartach díospóidí. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, glacfaidh mé céimeanna chun tacú leis an tsamhail nua Eorpach maidir le comhshásamh a bunaíodh leis an Treoir maidir le Caingne Ionadaíocha. Oibreoidh mé chun a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit an Treoir sin a thrasuí go hiomlán agus i gceart agus go n-oibreoidh siad le chéile chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach í ar an talamh. Ar ndóigh, bheinn faoi réir chun leanúint de na nósanna imeachta um shárú dá mba ghá. Is féidir linn bearta a chur ar fáil lena gcuideofar leis na heintitis cháilithe atá ainmnithe chun caingne ionadaíocha a thabhairt, toisc gur gá dóibh cur lena n-acmhainneacht oibríochtúil. Trí mhalartuithe le breithiúna, déanfaimid measúnú ar an mbealach is fearr chun gníomhaíochtaí comhchoiteanna a bhainistiú. Is é is aidhm do na bearta thuasluaite ar fad gur go héifeachtúil comhleanúnach a fheidhmeoidh an comhshásamh ar fud an Aontais.

Oibreoidh mé freisin chun tacú le glacadh an togra maidir le Réiteach Malartach Díospóidí (RMD) atá ar feitheamh, togra a bhfuil sé d'aidhm aige an nós imeachta a chur in oiriúint do dhúshláin na ré digití agus na n-idirbheart trasteorann, agus rannpháirtíocht trádálaithe ann a mhéadú.

Chun forfheidhmiú dhlí na dtomhaltóirí a fheabhsú a thuilleadh, leanfaidh mé de chuir chuige a fhiosrú maidir le ról tacaíochta an Choimisiúin a neartú i ndáil le himthosca a dhéanann difear do thomhaltóirí ar fud an Aontais, agus thar theorainneacha. Féachfaidh mé freisin le tuilleadh feabhais a chur ar an gcóras comhair forfheidhmiúcháin d'údaráis náisiúnta a leanfaidh d'fhorfheidhmiú i leith na sáruithe is forleithne ar dhlí tomhaltóirí an Aontais, agus a bheidh dírithe ar chur lenár gcumas rialacha an Aontais a fhorfheidhmiú go héifeachtach i gcoinne cuideachtaí ilnáisiúnta móra a dhíríonn ar ár dtomhaltóirí ó lasmuigh den Aontas. Aon ghníomhaíocht a bheidh ar siúl sa chomhthéacs sin, ba cheart comhsheasmhacht, comhlántacht agus comhordú a áirithiú idir í agus ionstraimí dlíthiúla gaolmhara, amhail an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Gníomh um Margaí Digiteacha, an Gníomh um an Intleacht Shaorga, nó an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Geallaim go dtabharfaidh mé tuairisc rialta do Pharlaimint na hEorpa agus dá Coiste IMCO agus go gcoinneoidh mé sibh ar an eolas go pearsanta maidir leis an obair atá idir lámha agam chun forfheidhmiú dhlí na dtomhaltóirí a neartú a thuilleadh, mar chuid dár n-idirphlé struchtúrtha. Ina theannta sin, bheadh fáilte agam roimh an deis an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme a chur i láthair Pharlaimint na hEorpa gach bliain. Is é an cuspóir a chaithfidh a bheith ag ár gcuid beartas ná cur i gcrích éifeachtach a bhaint amach, agus is féidir leis na hinstitiúidí, ag obair as lámh a chéile dóibh, fíor-rannchuidiú a dhéanamh chun easnaimh a shainaithint, sin agus réitigh a chosnóidh na tairbhí ba cheart do shaoránaigh agus do ghnólachtaí a bhaint as ár mbeartais.

*5. Ag féachaint siar ar an méid a baineadh amach agus ar an reachtaíocht a glacadh le linn an téarma pharlaimintigh roimhe seo chun tomhaltóirí a chumhachtú san aistriú digiteach agus san aistriú glas, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach faireachán ar chur chun feidhme na reachtaíochta ábhartha chun ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí agus cothrom iomaíochta a áirithiú do ghnóthaí. Sa bhreis ar an Idirphlé Cur Chun Feidhme agus ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le Forfheidhmiú agus Cur Chun Feidhme, a luaitear i do litir mhisin, cad iad na gníomhaíochtaí sonracha a dhéanfaidh tú chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta reatha maidir le cosaint tomhaltóirí? Faoina chuimsiú sin, conas a chuideoidh tú le gnóthaí, go háirithe micrifhiontair agus FBManna, a n-oibleagáidí a chomhlíonadh agus cad iad na bearta a dhéanfaidh tú chun tomhaltóirí a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr faoina gcearta agus faoina leigheasanna? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat Coiste IMCO a choinneáil ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí reatha an Choimisiúin agus faoi ghníomhaíochtaí an Choimisiúin atá ar na bacáin agus faoin dul chun cinn sa réimse sin?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh mé ag tnúth le bheith i mbun an idirphlé cur chun feidhme le páirtithe leasmhara a leagtar amach sna Treoirlínte Polaitiúla, ar mhaithe le haiseolas díreach a fháil maidir leis an méid a

oibríonn go maith agus maidir leis an méid is féidir a fheabhsú. D'fhéadfadh forléargas ar reachtaíocht tomhaltóirí uile an Aontais a glacadh le déanaí a bheith ina thúsphointe, ach d'fhéadfaí breathnú ar ábhair eile amhail lipéadú agus tomhaltas ar líne. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina thacaíocht mhór ag tomhaltóirí maidir le muinín a bheith acu go bhfreagróimid go gníomhach má bhíonn baic orthu tairbhe iomlán a bhaint as an margadh aonair. Bheadh gluaiseacht na dtomhaltóirí agus comhlachtaí ionadaíocha tomhaltóirí mar chuid de sin go nádúrtha, ach ba cheart do na gníomhaithe uile sa slabhra luacha a bheith rannpháirteach, rud a chuideodh linn dúshláin nithiúla cur chun feidhme a shainaithint ar an talamh. Tacóidh sé sin leis an obair chun cabhrú leis na Ballstáit ó thaobh reachtaíocht nua-aontaithe an Aontais a thrasuí agus a chur chun feidhme, amhail Tomhaltóirí a chumhachtú san aistriú glas nó an Ceart chun deisiúcháin, mar shampla trí cheardlanna agus trí phlé déthaobhach.

Déanann an Coimisiún meastóireacht rialta ar cé acu atá nó nach bhfuil na dlíthe atá ann cheana fós oiriúnach dá bhfeidhm. Sampla ar leith den mhéid sin ba ea an tSeiceáil Oiriúnachta maidir le cothroime dhigiteach. Tá meastóireachtaí den sórt sin bunaithe ar fhaireachán margaidh agus ar bhailiú sonraí, i gcomhar leis na Ballstáit, le heagraíochtaí tomhaltóirí agus le gnólachtaí. Creidim go láidir go gcaithfidh ár mbeartais a bheith bunaithe ar fhianaise láidir agus ar shonraí láidre, sa chaoi go mbeidh bearta comhréireacha éifeachtacha ann.

Le linn an phróisis trasuite agus cur chun feidhme, beidh mé an-airdeallach ar an ualach riaracháin. Tacóidh mé freisin le gnólachtaí agus iad ag ullmhú do chur i bhfeidhm na rialacha dlíthiúla nua, mar shampla, trí imeachtaí tiomnaithe, doiciméid mhíniúcháin nó, i gcás inar gá, trí chláir thacaíochta a thabhairt cothrom le dáta. Go ginearálta, i gcás ina mbraitear saincheisteanna neamhchomhlíonaidh, rachaidh mé i mbun idirphlé leis na Ballstáit agus, más gá, tionscnóidh mé imeachtaí um shárú. Go háirithe i réimse na cosanta tomhaltóirí, is comhghuaillithe ríthábhachtacha ó thaobh an chur i gcrích de atá in údaráis agus cuideachtaí.

Bheinn ag iarraidh an obair a thabhairt chun cinn chun cabhrú le gach rannpháirtí sa mhargadh – tomhaltóirí, trádálaithe, FBManna san áireamh, agus údaráis – tuiscint níos fearr a fháil ar dhlíthe an Aontais maidir le sábháilteacht tomhaltóirí agus táirgí agus iad a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach. Tá roinnt samplaí ann de thionscadail sa réimse sin: Réimse amháin ar cheart aird a thabhairt air is ea réimse na dtionchairí, a mheastar a bheith ina micreaghnólachtaí i gcásanna ina mbíonn siad i mbun gníomhaíochtaí tráchtála rialta ar líne. Tá Mol Dlí le haghaidh Tionchairí seolta ag an gCoimisiún, agus is éard atá ann físeáin oiliúna maidir leis na caighdeáin Eorpacha um chosaint tomhaltóirí is gá a chur i bhfeidhm agus fógraíocht á déanamh, earraí á ndíol agus seirbhísí á soláthar. Is sampla d'ardú feasachta é sin, agus creidimse go mbeadh sé úsáideach tuilleadh forbartha a dhéanamh de réir an tsampla chéanna.

Tá fonn orm freisin leanúint de thionscadail a fhorbairt amhail an tionscadal oiliúna 'Consumer Law Ready' do FBManna, faoina gcuireann eagraíochtaí tomhaltóirí agus gnó an Aontais oiliúint ar fáil do FBManna maidir le dlí na dtomhaltóirí, ar líne agus as líne. Cuirtear an t-ábhar ar fáil sna teangacha náisiúnta agus cuirtear in oiriúint é do dhlí na dtomhaltóirí, de réir mar atá feidhm aige sna Ballstáit, rud a théann chun tairbhe do na mílte cuideachtaí beaga.

Is uirlis úsáideach iad feachtais chumarsáide chun gnólachtaí agus tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí, go háirithe nuair a ghlactar rialacha nua. Faoi láthair, tá leibhéal íseal eolais ag níos mó ná tomhaltóir amháin as gach triúr (37%) ar chearta tomhaltóirí, agus arís, is duine as gach triúr nach ndéanann gearán i gcásanna ina mbíonn fadhb aige. Is rímhór i gceist agamsa tuilleadh eolas a thabhairt do thomhaltóirí maidir lena gcearta. Is minic a tharraingíonn na feachtais sin aird ar fhaisnéis níos mionsonraithe atá le fáil ar an tairseach An Eoraip Agatsa, ionad ilfhreastail an Choimisiúin le haghaidh faisnéis faoin margadh inmheánach, ar a mínítear cearta tomhaltóirí agus oibleagáidí trádálaithe ar bhealach sothuigthe. Mar shampla, a luaithe a thosóidh na Ballstáit ag cur na Treorach maidir leis an gCeart chun Deisiúcháin i bhfeidhm, na deiseanna a thugann an treoir sin do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí, d'fhéadfaí iad a chur chun cinn le feachtas cumarsáide. Ar an gcaoi chéanna, le feachtas, d'fhéadfaí tomhaltóirí agus gnólachtaí a chur ar an eolas maidir leis an gcreat nua a tugadh isteach leis an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí. San obair sin ar fad, ba cheart dúinn úsáid mhaith a bhaint as Líonra na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí, rud a spreagfaidh cumarsáid shaincheaptha ar an leibhéal náisiúnta, agus áiritheoidh mé go mbeidh comhlachais agus údaráis náisiúnta tomhaltóirí ar an eolas i gcónaí agus go mbeidh siad rannpháirteach i gcónaí i ngníomhaíochtaí cumarsáide an Choimisiúin.

Chomh maith lenár n-idirphlé rialta struchtúrtha agus cur chun feidhme, tá sé ar intinn agam an Coiste IMCO a choinneáil ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí reatha an Choimisiúin agus faoi ghníomhaíochtaí an Choimisiúin atá ar na bacáin sa réimse sin trí chuireadh a thabhairt daoibh chuig imeachtaí an Choimisiúin, mar shampla, Cruinniú Mullaigh Eorpach na dTomhaltóirí, agus trí thuarascálacha cur chun feidhme a sheoladh mar a cheanglaítear le reachtaíocht an Aontais.

**<u>Ceisteanna ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla</u>**

## 6. Ceartas sibhialta

*Rinneadh comhar trasteorann idir córais cheartais i gcúrsaí sibhialta, teaghlaigh agus tráchtála a fhorbairt agus a neartú le fiche nó tríocha bliain anuas.*
*Mar sin féin, tá bacainní dlíthiúla agus riaracháin fós roimh shaoránaigh agus gnóthaí an Aontais maidir lena gcearta a fheidhmiú mar gheall ar na difríochtaí idir córais dlí na mBallstát agus mar gheall ar chastacht na gcóras sin, go háirithe nuair a bhíonn siad rannpháirteach i ndíospóidí trasteorann sibhialta, teaghlaigh agus tráchtála a d'fhéadfadh a bheith costasach agus fada. Cuireann sé sin cosc ar FBManna agus ar mhicrifhiontair a ngníomhaíochtaí agus a bhfás a leathnú agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le hanacair agus éiginnteacht dhlíthiúil do shaoránaigh an Aontais. Ina theannta sin, mura ndéantar dlí an Aontais a thrasuí, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú i gceart, ní féidir lenár saoránaigh tairbhe iomlán a bhaint as a gcearta, ní féidir lenár gcuideachtaí leas a bhaint as cothrom iomaíochta agus, mar thoradh air sin, baintear an bonn ón muinín as an tionscadal Eorpach.*
*Thairis sin, chun an ceartas a riar go héifeachtúil, tá gá le sáriarrachtaí chun buiséid láidre a bheith ann chun a innealra a chistiú, is é sin, ó thaobh oiliúna, foirne, digitiú. I ndáil leis sin, tá comhar éifeachtach leis an gCoimisinéir maidir leis an mbuiséad bunriachtanach chun na hacmhainní airgeadais is gá a áirithiú sa réimse sin, ar réimsí iad nach dtugtar an tosaíocht chéanna dóibh go minic.*
*Cad iad na beartais shonracha nó na tionscnaimh dhlíthiúla shonracha atá á mbreithniú ag an gCoimisinéir ainmnithe chun go bhfeabhsófaí rochtain ar an gceartas (i gcomhthéacs threoir SLAPP a glacadh le déanaí freisin), ar chomhar breithiúnach an dlí shibhialta, go háirithe maidir le forfheidhmiú trasteorann breithiúnas, impleachtaí trasteorann comhshásaimh maidir le gnéithe den dlí idirnáisiúnta príobháideach, an dlí teaghlaigh trasteorann (lena n-áirítear aitheantas do thuismíocht), comhchuibhiú rialacha nós imeachta, digitiú breise na gcóras ceartais agus na breithiúnachta, agus béim ar leith á leagan ar úsáid mhéadaithe a bhaint as IS agus réitigh teicneolaíochta dlíthiúla eile, ar bhealach atá comhoiriúnach le prionsabail ghinearálta an smachta reachta, prionsabail an neamhspleáchais bhreithiúnaigh agus na trédhearcachta nós imeachta, dírialáil, cistiú iomchuí, nósanna imeachta a shimpliú, an oiliúint bhreithiúnach a neartú agus aitheantas frithpháirteach breithiúnas a fheabhsú?*

Baineann an tAontas tairbhe as reachtaíocht chuimsitheach AE maidir le cúrsaí sibhialta, teaghlaigh agus tráchtála, lena n-éascaítear comhar breithiúnach trasteorann idir na Ballstáit. Pléann an reachtaíocht sin le saincheisteanna dlínse, le saincheisteanna maidir leis an dlí is infheidhme, agus le saincheisteanna maidir le haithint agus forfheidhmiú breithiúnas, i mbeagnach gach réimse den dlí sibhialta agus den dlí tráchtála, lena n-áirítear dócmhainneacht, colscaradh, freagracht tuismitheora, cothabháil agus comharbais. Tá rialacha agus ionstraimí comhchoiteanna aonfhoirmeacha ag an Aontas freisin maidir le seirbheáil doiciméad agus glacadh fianaise agus chruthaigh sé roinnt 'nósanna imeachta Eorpacha' simplithe tapa le haghaidh cásanna trasteorann áirithe, gan ach cúpla sampla a lua.

Is dea-scéal é sin do shaoránaigh agus do ghnólachtaí na hEorpa. Tá sé ar intinn agam leanúint den obair seo, ach m'ainmniúchán a bheith deimhnithe.

Má deimhnítear m'ainmniúchán, an chéad rud a dhéanfaidh mé chun lámh a chur san obair sin is ea go dtabharfaidh mé i gcrích an chaibidlíocht idirinstitiúideach leanúnach atá ar feitheamh maidir leis na tograí a bhaineann le daoine fásta a chosaint, le tuismíocht a aithint, le héilimh a shannadh, agus le dócmhainneacht, rud atá ríthábhachtach maidir le cinntí infheistíochta.

Chun an bealach a réiteach don todhchaí, measaim go bhfuil gaoth sna seolta anois sa tslí go bhféadfar smaoineamh ar fhís uileghabhálach maidir le todhchaí an dlí shibhialta. D'fhiosróinn arbh fhéidir próiseas ardleibhéil a bheith ann maidir le ceartas i leith an fháis, féachaint conas mar is féidir leis an réimse beartais sin, in éineacht le dlí na gcuideachtaí, rannchuidiú ó thaobh feabhas a chur ar an bhfás agus ar an iomaíochas, agus le bacainní san Aontas a laghdú a thuilleadh. Bheadh Parlaimint na hEorpa, na Ballstáit agus páirtithe leasmhara tionscail rannpháirteach i bhfóram den sórt sin.

Is é an aidhm atá agam rochtain ar cheartas a fheabhsú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí araon ar fud an Aontais. Creidim go láidir nár cheart saoránaigh agus gnólachtaí a dhíspreagadh óna gcearta a fheidhmiú trí neamh-chomhoiriúnacht na gcóras dlí agus breithiúnach sna Ballstáit. Mar a leagtar amach thuas maidir le beartas tomhaltóirí, sa réimse seo freisin, díreoidh mé ar dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart an acquis atá ann cheana agus ar an gcur i bhfeidhm sin a áirithiú, agus ar nuachóiriú a dhéanamh nuair is gá. Tosaíocht is ea ionstraimí a choinneáil cothrom le dáta leis na forbairtí is déanaí, lena n-áirítear digitiú, agus deimhneacht

dhlíthiúil a sholáthar ag an am céanna le rialacha cobhsaí. Scrúdóidh mé freisin an gá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin nós imeachta atá ann cheana i gcomhthéacs na n-athbhreithnithe sin, go háirithe chun aitheantas frithpháirteach breithiúnas a fheabhsú a thuilleadh.

Feictear dom go bhféadfaí obair chruthaitheach nua a dhéanamh ar chur chun feidhme, agus, ar ndóigh, go bhféadfaí an rogha maidir le himeachtaí um shárú a choinneáil más gá. Ar cheann de na píosaí reachtaíochta ríthábhachtacha atá ann, tá, mar shampla, an treoir nua maidir le lucht rannpháirtíochta poiblí a chosaint ar chásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí ('Treoir frith-SLAPP'). Chun cabhrú le saoránaigh, gnólachtaí agus gairmithe ceartais, oibreoidh mé chun feabhas a chur ar sholáimhsitheacht na faisnéise agus na n-uirlisí digiteacha a bhaineann leis an gceartas ar an Tairseach don r-Cheartas. Tosaíocht eile is ea feasacht a neartú agus a mhúscailt maidir leis an tacaíocht a chuireann an Gréasán Breithiúnach Eorpach ar fáil maidir le hábhair shibhialta agus thráchtála ina cháil mar ghníomhaí ríthábhachtach a éascaíonn an comhar breithiúnach praiticiúil idir na Ballstáit.

I réimse an dlí teaghlaigh, bheadh sé ar intinn agam comhar breithiúnach a fhorbairt a thuilleadh, go háirithe trí ghlacadh an togra atá ar feitheamh maidir le haitheantas a thabhairt do thuismíocht, agus forfheidhmiú aonfhoirmeach agus éifeachtach an acquis ina iomláine a áirithiú.

Chomh maith le bheith de shíor ag iarraidh feabhas a chur ar an gcur chun feidhme, ní mór don reachtaíocht féin a bheith nua-aimseartha agus cothrom le dáta. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, fiosróidh mé cur i bhfeidhm Rialachán An Bhruiséil Ia maidir le dlínse, aithint agus forfheidhmiú breithiúnas, féachaint an gá é a athbhreithniú, agus déanfaidh mé an rud céanna i dtaobh Rialachán An Róimh II maidir leis an dlí is infheidhme i ndáil le hoibleagáidí neamhchonarthacha. Is é an bealach a gcuirfidh mé tús leis an obair sin tuarascálacha a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm an dá Rialachán sin, rud atá beartaithe a dhéanamh go luath an bhliain seo chugainn. Is comhpháirteanna ríthábhachtacha de mhargadh inmheánach feidhmiúil iad na hionstraimí sin ós rud é go n-áirithítear leo creat cobhsaí intuartha do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí in idirbhearta tráchtála trasteorann. Tá tábhacht ar leith ag baint le rialacha aonfhoirmeacha simplí sa réimse seo do FBManna ar mian leo trádáil thar theorainneacha. Ní mór do na rialacha sin a bheith oiriúnach dá bhfeidhm agus fanacht cab ar chab le timpeallacht theicneolaíoch agus dhlíthiúil atá ag athrú. Ní mór díriú go háirithe inár gcuid oibre ar dhúshláin a bhaineann, mar shampla, le comhshásamh, le cásanna dlí mí-úsáideacha i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí, le hidirbhearta i dtimpeallacht ar líne agus le húsáid na hintleachta saorga.

Trí imeachtaí breithiúnacha breise a dhigitiú, is féidir leis na Ballstáit, na saoránaigh, chomh maith le cuideachtaí, go háirithe FBManna, a bheith níos táirgiúla agus costais a shábháil, agus ag an am céanna rannchuidiú leis an Margadh Aonair a neartú agus fíorlimistéar ceartais Eorpach a chumasú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh sé i gceist agam Straitéis nua um Cheartas Digiteach a chur síos chun uirlisí digiteacha úrscothacha a chur ar fáil do ghairmithe ceartais, lena n-áirítear an intleacht shaorga a chur chun cinn, chun an ceartas a dhéanamh níos éifeachtúla – agus ag an am céanna a bheith go hiomlán ar an eolas faoin ngá atá le hurraim iomlán do chearta bunúsacha agus do luachanna an Aontais. Beidh sé sin fite fuaite le hoiliúint bhreithiúnach chun scileanna digiteacha a fheabhsú. Tá sé beartaithe agam a phlé libhse, agus leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara, conas a bhainfear an méid sin amach. Is fíor gur gá acmhainní maithe a chur ar fáil don obair sin, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, chun tacú le hoiliúint bhreithiúnach, chun rochtain ar cheartas a fheabhsú agus chun comhar breithiúnach a fheabhsú.

### 7. An 28ú (Cuideachta) Córas

*Moltar i dTuarascáil Draghi maidir le 'Todhchaí an Iomaíochais Eorpaigh' a foilsíodh le déanaí reacht dlíthiúil nua ar fud an Aontais a bhunú do ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha, an 'Chuideachta Nuálach Eorpach' (IEC), a mbeadh céannacht dhigiteach aonair bailí aici san Aontas. Bhainfeadh cuideachtaí den sórt sin tairbhe as roinnt socruithe dlíthiúla, lena n-áirítear rialacha comhchuibhithe maidir leis an dlí corparáideach agus dócmhainneacht. Dealraíonn sé go léirítear IEC i do litir mhisin trí fhógairt an 28ú Córas do chuideachtaí nuálacha, mar a thugtar air, as a dtiocfadh creat dlíthiúil breise roghnach a d'fhéadfadh cuideachtaí ar fud an Aontais a ghlacadh agus a d'fhágfadh go bhféadfaí an ilroinnt atá ann faoi láthair idir na 27 gcóras intíre a shárú. Faoin 28ú Córas sin, d'fhéadfadh na Ballstáit rannpháirteacha príomhréimsí amhail an dlí corparáideach, an dlí dócmhainneachta, dlí an tsaothair agus cánachas a chomhchuibhiú, rud a chuirfeadh timpeallacht dhlíthiúil chomhsheasmhach thar theorainneacha ar fáil do chuideachtaí. D'fheidhmeodh an córas sin in éineacht leis na creataí náisiúnta atá ann cheana, lena soláthrófaí sraith rialacha roghnacha aontaithe a d'fhéadfadh cuideachtaí a roghnú dá ndeoin féin dá mbeadh buntáiste níos mó ag baint léi.*
*Chun go n-éireoidh leat ar an 28ú Scéim bheadh ort (i) gníomhú chun iomaíochas agus táirgiúlacht a fheabhsú; (ii) a áirithiú go gcuireann an gníomh reachtach deiridh go fírinneach le simpliú do ghnóthaí, go bhfuil sé*

*tarraingteach agus go roghnaíonn cuideachtaí go héifeachtach é, go dtugann sé fíor-bhreisluach don chreat reachtach atá ann faoi láthair agus go n-áirithítear leis comhghaol le tograí atá ar feitheamh amhail togra mhí na Nollag 2022 le haghaidh treoir chun cuid den dlí dócmhainneachta ábhartha a chomhchuibhiú; (iii) a mheas an gá togra nua lena gcumhdaítear IECanna freisin a chur in ionad togra mhí na Nollag 2022 le haghaidh treoir chun roinnt gnéithe den dlí dócmhainneachta ábhartha a chomhchuibhiú; (iv) a shoiléiriú ar cheart go mbainfeadh an 28ú Córas le gnóthaí i gcoitinne nó le gnóthaí nuálacha amháin; agus ina theannta sin (v) ábhair imní na mBallstát ba chúis le teip tionscnamh comhchosúil san am a chuaigh thart a shárú. Dá ndeimhneofaí do cheapachán mar Choimisinéir, cén chaoi a mbeadh sé i gceist agat é sin ar fad a bhaint amach?*

Is cúis áthais dom an fócas láidir polaitiúil ar an Margadh Aonair a dhoimhniú, ar ghnó a dhéanamh níos éasca, ar bhacainní a leagan agus ar leas iomlán a bhaint as scála margaidh ina bhfuil 450 milliún tomhaltóir. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, ceann de na cuspóirí tosaíochta a bheidh agam, i gcomhréir leis na Treoirlínte Polaitiúla, is ea cur le hiomaíochas an Aontais agus 'gnólachtaí a dhéanamh níos éasca agus níos tapúla san Eoraip', agus béim ar leith á leagan ar an ualach riaracháin a laghdú. Mar thionscnamh suaitheanta, ullmhóidh mé togra sonrach maidir le stádas dlíthiúil do chuideachtaí ar fud an Aontais – an 28ú córas – d'fhonn cabhrú le cuideachtaí nuálacha fás.

Thabharfadh an 28ú córas sin rogha do chuideachtaí a ngníomhaíochtaí a dhéanamh ar fud an Mhargaidh Aonair trí stádas dlíthiúil ar fud an Aontais seachas iallach a bheith orthu foirmeacha dlíthiúla náisiúnta a ghlacadh sna Ballstáit inar mhaith leo gnó a dhéanamh. Ba cheart an 28ú córas a thuiscint mar ghné amháin i sraith níos leithne beart a bhfuil gá leo chun borradh a chur faoi nuálaíocht, iomaíochas agus táirgiúlacht gheilleagar an Aontais. Leis na bearta a ghabhann leis an 28ú córas sin, a théann níos faide ná foirm dhlíthiúil na cuideachta, d'fhéadfaí rochtain ar mhargaí, ar mhaoiniú, ar scileanna, agus ar chumhdach árachais a chumhdach, mar shampla, sin agus rialacha maidir le conarthaí, le cánachas, agus le dócmhainneacht, chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe is fíor-riachtanaí de ghníomhaíocht chorparáideach i gcás na gcuideachtaí sin. Bheadh na tairbhí níos mó go comhréireach do chuideachtaí beaga a bhfuil níos lú acmhainní airgeadais agus daonna acu chun a mbealach a dhéanamh trí thimpeallacht dhlíthiúil ilroinnte.

Is maith is eol dom go raibh deacrachtaí ag baint le hiarrachtaí a rinneadh roimhe seo chun stádas Eorpach do chuideachtaí a chur i bhfeidhm. Ach ó 2019 i leith, tá forbairt shuntasach déanta ar acquis an Aontais maidir le dlí na gcuideachtaí, a bhuí le nósanna imeachta atá go hiomlán ar líne (chun cuideachta a bhunú, brainsí a chlárú agus faisnéis éigeantach a thíolacadh do chláir ghnó), cur i bhfeidhm 'phrionsabal na haonuaire' nuair a bhunaíonn cuideachtaí fochuideachtaí agus brainsí i mBallstáit eile, agus nósanna imeachta comhchuibhithe maidir le soghluaisteacht trasteorann chuideachtaí AE (i.e. cumaisc, deighiltí agus comhshónna trasteorann) lena n-áirítear coimircí d'fhostaithe agus coimircí i gcoinne mí-úsáide. Leis na forbairtí sin, tugtar aghaidh ar chuid de na hábhair imní a chuir cosc ar thionscnaimh a bhí ann roimhe seo, rud a d'fhéadfadh an bealach a réiteach chun teacht ar chomhaontú maidir leis an 28ú córas nua.

Bheadh sé i gceist agam cur le réitigh atá ann cheana amhail céannacht aonair do chuideachtaí trí Aitheantóir Uathúil Eorpach bunaithe ar chlárú aonair, agus Deimhniú Cuideachta AE ilteangach comhchuibhithe is féidir a úsáid i ngach cás trasteorann agus atá comhoiriúnach leis an Tiachóg Eorpach Céannachta Digití. Tá an cur chuige sin ag teacht leis an nglao a rinneadh i dtuarascáil Draghi. Agus an togra á ullmhú, beidh sé tábhachtach comhleanúnachas a áirithiú le tionscnaimh eile chun tacú le cuideachtaí nuálacha a fógraíodh sna Treoirlínte Polaitiúla nó sna litreacha misin a cuireadh chuig mo chomhghleacaithe, amhail an Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht nó an Straitéis maidir le Margadh Aonair atá ar na bacáin. Táim ag tnúth le bheith ag obair le Coimisinéirí eile chun an cuspóir sin a bhaint amach.

D'ainneoin an mhóimintim, ba cheart dúinn machnamh cúramach a dhéanamh ar na saincheisteanna ar féidir leis an 28ú córas aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach. Ar cheann de na príomhcheisteanna a bheidh le breithniú beidh raon feidhme an 28ú córas, is é sin le rá, ar cheart é a bheith ar fáil do gach cuideachta nó do chuideachtaí nuálacha amháin, agus ba cheart na coinníollacha maidir le tairbhiú den stádas sin a bheith soiléir in aon chás. Is léir dom gur gá an tsaincheist sin a phlé ar bhealach níos doimhne le Parlaimint na hEorpa, leis an bpobal gnó, leis na comhpháirtithe sóisialta, leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara eile i bpróiseas ardleibhéil maidir le ceartas i leith an fháis. Cuirfidh sé sin ar ár gcumas na fadhbanna atá ag cuideachtaí – go háirithe fadhbanna nuálacha – sa Mhargadh Aonair a shainaithint, sin agus an bealach is fearr chun aghaidh a thabhairt orthu.

A mhéid a bhaineann le dócmhainneacht, tá ilroinnt an dlí dócmhainneachta ar fud na mBallstát ar cheann de na príomhbhacainní ar fhíor-Aontas Margaí Caipitil (CMU). Cuireann sé bac ar infheistíocht trasteorann agus ar rochtain ar chaipiteal de réir na gcoinníollacha is fabhraí do chuideachtaí. Is é is aidhm do thogra 2022 ón gCoimisiún, mar phríomhghné de Phlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil, aghaidh a thabhairt ar an staid

reatha trí chomhchuibhiú spriocdhírithe. Tá muinín agam go gcuirfidh an togra feabhas ar an staid do gach cuideachta, idir bheag agus mhór, ós rud é go bhfuil comhchuibhiú fíor-riachtanach i gcoitinne. Rachaidh sé chun tairbhe go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta freisin tríd an nós imeachta dócmhainneachta simplithe atá beartaithe d'fhiontair bheaga. Shainaithin an Chomhairle Eorpach i mí Aibreáin 2024 an togra seo mar sprioc insoláthartha tosaíochta agus d'iarr sí go nglacfaí go pras é. Aontaím leis an measúnú sin, agus iarraim go ndéanfaí dul chun cinn tapa sa chaibidlíocht. Ina theannta sin, tá súil agam go nglacfaidh an Pharlaimint tuairim go luath a thacóidh leis an togra.

**8. Beartais dhigiteacha**

*Ba shaintréith den 9ú téarma reachtach gur ritheadh an iliomad gníomhartha sa réimse digiteach: Gníomh IS, an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Gníomh um Margaí Digiteacha, an Gníomh um Shonraí, gan ach cuid acu a lua. Laistigh dá inniúlacht maidir leis an dlí sibhialta, an dlí nós imeachta agus an dlí maoine intleachtúla, chuir an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla tuairimí tábhachtacha ar fáil maidir leis na comhaid sin. Ina theannta sin, bhí sé freagrach as Rialachán eCodex (Rialachán (AE) 2022/850), as an bPacáiste maidir le digiteáil an Cheartais (Treoir (AE) 2023/2843 agus Rialachán (AE) 2023/2844) agus as an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Dliteanas Táirgí (2022/0302(COD) chun í a oiriúnú don gheilleagar ciorclach agus don gheilleagar digiteach araon. Sa bhreis ar sheiceálacha oiriúnachta rialta ar na hionstraimí dlí atá i bhfeidhm, tá go leor fós le déanamh, mar shampla maidir le hoidhreacht dhigiteach, conarthaí cliste agus eagraíochtaí uathrialacha díláraithe (DAOnna), na domhain fhíorúla agus, go háirithe i bhfianaise rún ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Deireadh Fómhair 2020 le moltaí don Choimisiún maidir le córas dliteanais shibhialta le haghaidh na hintleachta saorga (2020/2014(INL)), an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir maidir le Dliteanas IS.*
*Cad iad na bearta atá beartaithe agat a sheoladh chun an reachtaíocht thuasluaite a chur chun feidhme, chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí rialála atá fós ann agus chun cothroime dhigiteach a áirithiú agus chun a áirithiú go n-urramófar cearta na saoránach agus nach mbeidh ualaí riaracháin agus rómhaorlathas ag cur isteach ar ghnólachtaí agus ar riaracháin náisiúnta?*

Is fíor gur glacadh dlíthe nua ceannródaíocha sa réimse digiteach le blianta beaga anuas. Fágann sé sin go bhfuil an tAontas ar thús cadhnaíochta, go dtugann sé cinnteacht agus go gceadaíonn sé nuálaíocht lena gcaomhnaítear cur chuige an Aontais atá dírithe ar an duine agus bunaithe ar luach. Tá sé in am anois fíorbhuntáistí a dhéanamh de seo do dhaoine agus do chuideachtaí. Beidh sé ina thosaíocht ag an gCoimisiún nua leabhar rialacha digiteacha an Aontais a glacadh le déanaí a chur chun feidhme chun a áirithiú go gcuirfear feabhsuithe suntasacha nithiúla ar fáil leis.

Chun tacú le cur chun feidhme an Ghnímh um Shonraí, tacóidh mé leis an obair ar an Moladh maidir le clásail chonarthacha shamplacha le haghaidh comhroinnt sonraí agus néalríomhaireachta atá le seachadadh an bhliain seo chugainn. Cuideoidh na clásail eiseamláireacha dheonacha sin le cuideachtaí, go háirithe FBManna, an Gníomh um Shonraí a chur i bhfeidhm. Tá sé tábhachtach faireachán a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann na clásail sin leis an Aontas Eorpach um Shonraí agus ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta maidir le comhroinnt sonraí.

Chun rannchuidiú le cur i bhfeidhm iomlán an Ghnímh um an Intleacht Shaorga i réimse an cheartais, tá gá le roinnt gníomhaíochtaí, agus má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé i gceist agam gníomhú sna réimsí sin. Tá gá le treoraíocht spriocdhírithe chun go ndéanfaidh na Ballstáit na huirlisí éagsúla a aicmiú i gcatagóirí riosca an Ghnímh um an Intleacht Shaorga agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais an ghnímh sin. Thacódh malartú dea-chleachtas, forbairt bosca uirlisí, agus cistiú spriocdhírithe ón Aontas le húdaráis bhreithiúnacha sna Ballstáit ó thaobh úsáid éifeachtach a bhaint as uirlisí intleachta saorga.

Mar sin féin, sainaithníodh bearnaí áirithe sa chreat dlíthiúil, go háirithe maidir le dliteanas i leith díobháil a dhéanann IS. I bhfianaise thabhairt i gcrích na caibidlíochta i ndáil leis an Treoir maidir le Dliteanas i leith Táirgí, tá rún daingean agam breathnú go grinn ar na forais atá leis na héagsúlachtaí atá ann faoi láthair idir na comhreachtóirí sa chaibidlíocht maidir leis an togra le haghaidh na Treorach maidir le Dliteanas IS. Is ionchuir thábhachtacha i ndáil leis sin iad an rún ón bParlaimint agus an staidéar a rinne sí le déanaí.

D'fhonn tacú le samhlacha gnó digiteacha nuálacha a bhfuil conraitheoireacht intleachta saorga agus conarthaí cliste á n-úsáid acu, beidh gá le hanailís maidir leis an mbealach is fearr chun Dlí Eiseamláireach 2024 na Náisiún Aontaithe maidir le Conraitheoireacht Uathoibrithe a chur san áireamh, agus más amhlaidh go gcuirfear san áireamh é, beidh gá le hanailís maidir le cé acu is ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta a dhéanfar é.

I réimse na cosanta tomhaltóirí, tá feabhsuithe suntasacha bainte amach a bhuí le reachtaíocht dhigiteach a glacadh le déanaí. Mar sin féin, tá roinnt bearnaí fós ann, mar a léiríodh sa tSeiceáil Oiriúnachta Cothroime Digití a rinneadh le déanaí. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé i gceist agam freagairt do na bearnaí sin trí Ghníomh um Chothroime Dhigiteach a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní atá fós gan réiteach maidir le patrúin dhorcha, tionchairí na meán sóisialta, dearadh andúile comhéadan gnólacht le tomhaltóir, agus conarthaí ar líne.

Bunaithe ar obair leanúnach an Choimisiúin chun an tionscnamh maidir le Web 4.0 agus Domhain Fhíorúla a chur chun feidhme agus ar bhur gcuid moltaí maidir le saincheisteanna rialála de chuid an dlí idirnáisiúnta phríobháidigh agus shibhialta i dtreo go rachfar i ngleic le Domhain Fhíorúla, is fada liom go bpléifidh mé libh conas a áirithiú gur féidir le domhain fhíorúla forbairt ar bhealach a bheadh ag teacht le luachanna, le prionsabail agus le cearta bunúsacha an Aontais. Déanfaidh mé faireachán ar shaincheist na hoidhreachta digití, atá faoi rialú an dlí náisiúnta den chuid is mó, agus déanfaidh mé measúnú ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le rialacha AE, lena n-áirítear i gcomhthéacs an Rialacháin maidir le Comharbas.

Ceisteanna ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

**9. Cearta bunúsacha, an tsochaí shibhialta, agus cosaint sonraí**

*I do cháil mar Choimisinéir atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha, conas a rachaidh tú i gcomhar leis na Ballstáit chun a áirithiú go ndéanfar cearta bunúsacha a chur chun cinn agus a urramú, lena n-áirítear trí chásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus ECHR a chur chun feidhme? An bhfuil bearta breise beartaithe agat chun an nasc a fhorbairt idir sáruithe féideartha ar an gCairt agus ar phrionsabail an daonlathais agus bhuiséad an Aontais? An rachaidh tú i mbun tuairisciú bliantúil chuig Parlaimint na hEorpa maidir le cur i bhfeidhm na Cairte? Cad iad na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat chun feabhas a chur ar chosaint an spáis shibhialta, lena n-áirítear trí shraith luachanna an Aontais den chlár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus tríd an Ardán nua don tSochaí Shibhialta atá beartaithe i do litir mhisin? Cad iad na pleananna atá agat chun éifeachtúlacht agus trédhearcacht chistiú an Aontais a chinntiú don tsochaí shibhialta? I bhfianaise bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais le déanaí i gcás EUlex Kosovo, cén straitéis atá agat chun aontachas AE leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a thabhairt chun críche?*
*Conas a áiritheoidh tú go gcuirfear na hacmhainní ar fáil do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha atá de dhíth uirthi chun na cúraimí uile a dhéanamh de réir a sainordaithe? An dtabharfaidh tú gealltanas go rachfar i gcomhairle go córasach le FRA maidir le reachtóireacht agus measúnuithe tionchair i réimsí a thugann aghaidh ar chearta bunúsacha nó a mbíonn tionchar acu orthu?*
*Tá cosaint sonraí ar cheann de na cearta bunúsacha i ndlíchóras an Aontais agus is é RGCS an uirlis is cumhachtaí atá ag an Aontas chun é a chosaint. Go ginearálta, cén dearcadh atá agat ar fhorfheidhmiú RGCS, go háirithe i gcásanna trasteorann? Cad é do thuairim faoin gcaidreamh idir forfheidhmiú RGCS agus forfheidhmiú dlíthe digiteacha eile de chuid an Aontais, amhail an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Gníomh um Margaí Digiteacha agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga? Maidir leis an intleacht shaorga, cén chaoi, dar leat, ar cheart breathnú ar an ngaol idir cearta bunúsacha a chosaint agus an nuálaíocht a chothú? An measann tú go gcomhlíonann reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint sonraí a sprioc go héifeachtúil sa lá atá inniu ann nó an measann tú go bhfuil gá le machnamh a dhéanamh ar an ábhar sin? I bhfianaise na n-ábhar imní a bhí ag an bParlaimint roimhe seo maidir le roinnt de chinntí leordhóthanachta an Choimisiúin Eorpaigh, agus roinnt breithiúnais ábhartha CBAE, cad iad na pleananna atá agat maidir le sreafaí idirnáisiúnta sonraí pearsanta? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin, agus an tábhacht a bhaineann le sreafaí sonraí domhanda do chuideachtaí an Aontais á cur san áireamh? Cén ról, dar leat, atá ag an gCoimisiún maidir le comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn i ndáil le sonraí pearsanta a chosaint?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta, is é an cúram a bheidh orm, dar liom, a áirithiú go bhfuil na cearta bunúsacha céanna ag gach saoránach den Aontas, cibé áit a bhfuil cónaí orthu san Aontas, bunaithe ar na luachanna nach mór a bheith i gcroílár ár gcuid oibre: an comhionannas, an neamh-idirdhealú, an cuimsiú, dínit an duine, an tsaoirse agus an daonlathas, cearta a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Chun cur le cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, leag an Coimisiún straitéis amach in 2020 a d'eascair as iarrataí ó Pharlaimint na hEorpa agus ó na Ballstáit go ndéanfaí faireachán níos láidre ar an gCairt. Is dúshlán comhpháirteach é sin do na Ballstáit agus don Aontas araon, agus beidh mise lánpháirteach sa dúshlán céanna, má dheimhnítear m'ainmniúchán. Ba mhaith liom an leas is fearr is féidir a bhaint as an méid atá i bhfeidhm cheana féin: Na pointí fócasacha atá ag na Ballstáit maidir leis an gCairt, tá ról lárnach acu maidir leis an sreabhadh faisnéise a éascú (ainmníodh 26 phointe fhócasacha) agus tacaíonn an Coimisiún freisin leis na

Ballstáit dlí an Aontais a thrasuí agus a chur chun feidhme trí ghrúpaí saineolaithe. Leanfaidh mé de thacaíocht a thabhairt d'oiliúint agus d'acmhainní maidir leis an gCairt agus d'infheistíocht a dhéanamh iontu, lena n-áirítear i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha, rud a théann chun tairbhe do chleachtóirí agus d'oifigigh náisiúnta.

Is pointe tosaigh ríthábhachtach é a bheith ar an eolas faoi staid na himeartha. Ó 2021 i leith, sna tuarascálacha bliantúla ar chur i bhfeidhm na Cairte, tugtar forléargas ar réimsí téamacha éagsúla a bhfuil ábharthacht straitéiseach ag baint leo maidir le cearta bunúsacha, agus is forléargas é sin a leagann béim ar an dlí agus an beartas AE is infheidhme, ar a bhfuil bainte amach ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit, agus ar dhúshláin atá ann ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát. Táim ullamh chun leanúint de na tuarascálacha bliantúla seo a chur faoi bhráid na Parlaiminte agus malartú a dhéanamh libh maidir leis an méid atá bainte amach agus na dúshláin a sainaithníodh sa réimse beartais a roghnaíodh agus maidir leis an rún a ghlacann sibh gach bliain maidir le staid na gceart bunúsach san Aontas. Is téama tábhachtach a bheadh ansin i dtaca le mo thuairisciú bliantúil ar chur chun feidhme.

Creidim gur gá dúinn faireachán ar an gCairt a fheiceáil i gcomhthéacs níos leithne freisin. Tá cur i bhfeidhm na Cairte ina dhlúthchuid d'fhaireachán foriomlán an Choimisiúin maidir leis na Ballstáit dlí an Aontais a chur chun feidhme, agus breithiúnais na Cúirte Breithiúnais a chomhlíonadh. Freagraíonn an chuid is mó de chearta bunúsacha na Cairte do na cearta atá cumhdaithe sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, ar coinbhinsiún de chuid Chomhairle na hEorpa atá ann. Is é sin an fáth a bhféachtar sna Tuarascálacha maidir leis an Smacht Reachta, ó 2023 i leith, ar ráta cur chun feidhme phríomhbhreithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine. Cé nach faoin gCoimisiún ach faoi chomhlachtaí de chuid Chomhairle na hEorpa atá sé faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme bhreithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, is táscaire i leith fheidhmiú an smachta reachta atá sa mhéid a chuirtear na breithiúnais sin chun feidhme, go háirithe i gcásanna ina mbeadh ábhair imní struchtúracha nó shistéamacha gan réiteach.

Ar deireadh, a mhéid a bhaineann le buiséad an Aontais agus urraim do chearta bunúsacha, áirithítear leis an gcoinníoll cumasúcháin cothrománach maidir le cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme éifeachtach na Cairte (CEA na Cairte) go gcaitear cistí an Aontais ar bhealach ina ndéantar an Chairt a urramú go hiomlán. Léirítear sna Treoirlínte Polaitiúla go bhfuil gá le buiséad láidir don chéad CAI eile, agus féachtar iontu ar an gcaoi a bhféadfaí na cineálacha éagsúla dreasachtaí a neartú. Deimhnítear sna Treoirlínte gur gá an smacht reachta a urramú chun maoiniú ón Aontas a fháil. Beidh tábhacht ag baint lena áirithiú go mbeidh comhleanúnachas idir ár n-ionstraimí buiséadacha agus gníomhaíochtaí gaolmhara, agus oibreoidh mé i gcomhar le mo chomh-Choimisinéirí féachaint cé mar is féidir a oiread tionchar agus is féidir a bheith ag an méid sin.

Tá ról lárnach ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ag cosantóirí chearta an duine maidir le cosaint agus cur chun cinn luachanna na gceart bunúsach, an smachta reachta agus an daonlathais, ar luachanna de chuid an Aontais iad. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuirfidh mé dlús le hobair an Choimisiúin chun spás sibhialta rathúil a chumasú san Eoraip, lena n-áirítear trí chistiú spriocdhírithe chun tacú le gníomhaithe de chuid na sochaí sibhialta agus chun iad a chosaint. Tá eagraíochtaí sochaí sibhialta agus cosantóirí chearta an duine ríthábhachtach maidir le dea-fheidhmiú ár ndaonlathas agus le cosaint agus cur chun cinn luachanna comhpháirteacha an Aontais. a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha, rud a chuidíonn le cosaint an smachta reachta ar an talamh a áirithiú. Mar sin féin, tá fianaise ann go bhfuil an spás don tsochaí shibhialta ag laghdú ar fud an Aontais. Cuirfidh mé dlús lenár rannpháirtíocht le heagraíochtaí sochaí sibhialta agus le cosantóirí chearta an duine, lena n-áirítear trí Ardán Sochaí Sibhialta chun tacú le hidirphlé sibhialta níos córasaí maidir le hábhair a bhaineann le luachanna an Aontais. Cuirfidh sé sin creat aonair ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht i dtaca le raon beartas de chuid an Aontais. Breathnóidh mé freisin ar conas is féidir linn ról níos straitéisí a thabhairt don tsochaí shibhialta in obair an Choimisiúin ar bhealach fóinteach agus éifeachtach, lena n-áirítear mar chuid den obair ar an Sciath don Daonlathas.

Ina theannta sin, scrúdóidh mé bealaí chun an tacaíocht atá á cur ar fáil againn maidir le cearta agus luachanna a chur chun cinn tríd an tsochaí shibhialta a chumhachtú a thuilleadh, ar bhealach níos cobhsaí agus níos fadtéarmaí. Mar shampla, d'fhéadfaimis aghaidh a thabhairt ar na córais atá ann cheana, agus a mbíonn forluí eatarthu uaireanta, chun faireachán a dhéanamh ar an timpeallacht ina n-oibríonn na gníomhaithe sin ar an leibhéal náisiúnta, agus oibriú níos dlúithe leis na Ballstáit chun cosaint níos fearr a thabhairt don timpeallacht ina bhfeidhmíonn eagraíochtaí sochaí sibhialta agus cosantóirí chearta an duine ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

Cuireann an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV) tacaíocht ar fáil d'eagraíochtaí sochaí sibhialta agus do chosantóirí chearta an duine, go háirithe tríd an tsraith Luachanna an Aontais atá ag gabháil

leis. Éilíonn sé freisin córas críochnúil bainistíochta riosca agus faireacháin ag gach céim den phróiseas - roghnú, cur i bhfeidhm agus meastóireacht - agus le linn shaolré gach tionscadail, agus d'eascair cuid dá thionchar as an oscailteacht agus as an trédhearcacht is dual don bhealach a n-oibríonn sé. Tá sé tábhachtach freisin a áirithiú nach bhfaigheann na daoine míchearta maoiniú ó na cláir sin.

Maidir le haontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, is céim shuntasach chun cinn é breithiúnas Eulex Kosovo an 10 Meán Fómhair 2024 chun an tAontas a thabhairt níos gaire do bheith ina pháirtí sa Choinbhinsiún. Leis an mbreithiúnas sin, tugadh tuilleadh soiléireachta maidir le gnéithe den Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála agus ní mór dúinn anois na himpleachtaí a bhaineann leis a phlé leis na Ballstáit. Tá céimeanna go leor romhainn i gcónaí, lena n-áirítear Tuairim ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le comhoiriúnacht iomlán an chomhaontaithe athbhreithnithe leis na Conarthaí, formheas na Comhairle, toiliú Pharlaimint na hEorpa agus formheas na mBallstát i gcomhréir lena gceanglais bhunreachtúla ar leith. Mar sin féin, measaim gur gaire anois sinn ná mar a bhí riamh cheana don chloch mhíle sin maidir le cosaint chearta an duine san Eoraip a bhaint amach, agus táim ag tnúth le hiarracht nua a dhéanamh chun an méid sin a thabhairt chun críche.

Creidim gur gníomhaí ríthábhachtach í an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (FRA) san obair fhoriomlán chun tacú le cearta bunúsacha. Ba cheart dúinn leanúint de leas a bhaint as saineolas luachmhar FRA le linn dúinn a bheith ag déanamh measúnuithe tionchair agus a bheith ag ullmhú tionscnamh chun a áirithiú go gcomhlíonann tograí ón gCoimisiún na caighdeáin is airde maidir le cearta bunúsacha. Is díol mór sásaimh dom freisin gur féidir le gach institiúid comhairle FRA a lorg de réir mar a théann an reachtaíocht chun cinn.

Maidir le cosaint sonraí, tá forfheidhmiú éifeachtach rialacha an Aontais ríthábhachtach más áil linn go ráthófaí an ceart bunúsach sonraí pearsanta a chosaint san Aontas. Táim lántiomanta do ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin i gcásanna trasteorann ar mhórscála, ina ndéantar difear do shonraí pearsanta na milliún Eorpach. Sin an fáth a bhfuil mé ag tnúth le dul i dteagmháil leis na comhreachtóirí chun go nglacfar go pras an togra ón gCoimisiún maidir le rialacha nós imeachta an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Thacódh sé sin le húdaráis cosanta sonraí ó thaobh RGCS a fhorfheidhmiú go láidir éifeachtúil i gcásanna móra casta, rud a bheadh ina chuidiú maidir le teacht ar chomhthoil i ndáil le saincheisteanna ríthábhachtacha ag céim luath sa chás. Bheadh sé níos fusa ar údaráis cosanta sonraí deireadh a chur go tapa le sáruithe, iad siúd a sháraíonn rialacha a thabhairt chun cuntais, agus leigheasanna a chur ar fáil do dhaoine aonair.

Mar a luadh sa litir mhisin a cuireadh chugam, áiritheoidh mé go bhfanfaidh RGCS i gcomhréir leis an gclaochlú digiteach agus go bhfreagróidh sé do riachtanais a mbíonn athrú ag teacht orthu de shíor, lena n-áirítear slándáil agus iomaíochas.

Tá raon tionscnamh glactha ag an Aontas arb é is aidhm dóibh todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú. Tá aidhm ar leith ag gach ceann de na tionscnaimh nua sin, mar shampla timpeallacht shábháilte a chur ar fáil ar líne nó margaí digiteacha a dhéanamh níos cothroime agus níos inchoimhlinte. Níl sé de príomhchuspóir ag aon cheann de na tionscnaimh sin próiseáil sonraí pearsanta a rialáil agus is léir gurb é RGCS is bunchloch i gcónaí do chreat rialála digiteach an Aontais maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil. Ag an am céanna, i gcásanna áirithe, comhlánaíonn na tionscnaimh nua sin RGCS nó soiléiríonn siad conas ba cheart é a chur i bhfeidhm i réimse sonrach, mar sin tá sé ríthábhachtach comhsheasmhacht agus comhleanúnachas a áirithiú, lena n-áirítear comhsheasmhacht agus comhleanúnachas maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú na rialacha sin. Creidim gur gá dúinn, dá bhrí sin, an comhar i measc lucht forfheidhmithe a threisiú. Tá roinnt tionscnamh ar siúl faoi láthair i ndáil leis sin. Tá an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) ag cur go gníomhach leis an obair ar an nGníomh um Margaí Digiteacha (DMA). Cé gur forbairtí dearfacha iad sin, dhéanfainn tuilleadh machnaimh ar conas comhar níos struchtúrtha agus níos éifeachtúla a chothú, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina bhfuil roinnt rialtóirí i gceist. Táim tiomanta tacaíocht a thabhairt do gach iarracht chun cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú comhleanúnach comhlántach an leabhair rialacha dhigitigh ina iomláine a áirithiú, agus inniúlacht na bhforfheidhmitheoirí éagsúla a chosaint ag an am céanna.

An rath atá ar RGCS, mar fhoinse inspioráide do go leor dlíthe príobháideachais nua-aimseartha ar fud an domhain, is rud é a chuireann deiseanna nua ar fáil chun uirlisí a fhorbairt le haghaidh aistrithe sábháilte sonraí, lena n-áirítear cinntí leordhóthanachta nua, i gcomhréir iomlán leis na ceanglais arna leagan síos ag an gCúirt Bhreithiúnais agus arna bhforbairt a thuilleadh ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí. Tá sreafaí sonraí idirnáisiúnta ina ngné riachtanach de chlaochlú digiteach ár sochaí agus de gheilleagar digiteach atá ag éirí níos domhanda. Coinníoll is ea urramú an phríobháideachais nach mór a shásamh chun gur féidir sreafaí sonraí tráchtála a bheith ann atá cobhsaí, slán, iomaíoch, agus is rud é urramú sin an phríobháideachais a fhágann gur féidir comhar idirnáisiúnta a bheith ann i réimsí amhail forfheidhmiú an dlí, an comhar breithiúnach, an comhar rialála, agus an

taighde, cuir i gcás. Sin é an fáth a bhfuil sé beartaithe agam dlús a chur leis na cainteanna leanúnacha le tríú tíortha éagsúla, an Bhrasaíl agus an Chéinia mar shampla, agus féachaint an bhféadfaí tús a chur le caibidlíocht le comhpháirtithe idirnáisiúnta breise a bhfuil dlíthe cosanta sonraí glactha acu le déanaí dá bhforáiltear ardleibhéal cosanta. Oibreoidh mé freisin i dtaobh aistrithe iontaofa le heagraíochtaí idirnáisiúnta a éascú trí chinntí leordhóthanachta a ghlacadh agus/nó trí shásraí aistrithe eile dá bhforáiltear le RGCS a fhorbairt.

Leanfaidh mé de bheith ag áirithiú nach nglacfar cinntí leordhóthanachta ach amháin tar éis measúnú críochnúil a dhéanamh trína bhfuarthas amach go bhfuil na ceanglais dhlíthiúla ábhartha uile comhlíonta, agus aird ar leith á tabhairt ar ábhair sonraí cearta a fheidhmiú go héifeachtach os comhair údaráis mhaoirseachta neamhspleácha agus cúirteanna. Ar cheann de na réimsí atá i gceist leis sin tá rochtain an rialtais ar shonraí. Ceann de na tosaíochtaí a bheidh agam is ea cur chun cinn cóineasaithe idirnáisiúnta maidir le hardchaighdeáin chosanta. D’fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag na huirlisí agus na fóraim atá ann cheana – amhail, mar shampla, ‘Acadamh um Chosaint Sonraí’ an Choimisiúin nó an ‘Líonra Leordhóthanachta’ a seoladh le déanaí – maidir le malartú faisnéise, taithí agus dea-chleachtas a chur chun cinn idir an tAontas agus comhpháirtithe eachtracha.

***10. An Smacht Reachta agus saoirse na meán***

*I do cháil mar Choimisinéir atá i gceannas ar an smacht reachta, cén plean atá agat chun tionchar na tuarascála bliantúla maidir leis an Smacht Reachta a neartú agus cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat aghaidh a thabhairt ar thionchar an smachta reachta ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair? Conas a fhreagraíonn tú ar an iarraidh ón bParlaimint go ndéanfaí raon feidhme na tuarascála bliantúla maidir leis an smacht reachta a leathnú chuig na luachanna uile a luaitear in Airteagal 2 CAE agus go mbunófaí sásra an Aontais um an Daonlathas, um an Smacht Reachta agus um Chearta Bunúsacha arna rialú ag comhaontú idirinstitiúideach? Cad iad na gníomhaíochtaí nithiúla a bheadh agat chun tacú le hiarraidh na Parlaiminte leanúint d’éisteachtaí Airteagal 7 CAE i gcás na hUngáire agus an bhfuil tú ag smaoineamh ar athchóiriú ar an nós imeachta sin a mholadh? An bhfuil tú tiomanta do lánúsáid a bhaint as na huirlisí forfheidhmiúcháin, go háirithe nósanna imeachta brostaithe um shárú, iarratais ar bhearta eatramhacha os comhair CBAE agus gníomhaíochtaí leantacha córasacha maidir le neamhchur chun feidhme bhreithiúnais CBAE? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta agus an comhleanúnachas le gníomhartha reachtacha ábhartha eile a neartú? Cad é do sheasamh maidir le garspriocanna a bhaineann leis an smacht reachta a chomhlíonadh i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta éagsúla na mBallstát mar choinníoll chun cistiú a eisíoc agus conas a áiritheoidh tú nach ndéanfar cistí a dhíreo ach amháin nuair a chomhlíontar na coinníollacha sin? Conas a chomhordófá leis na Coimisinéirí eile (e.g. an Buiséad) atá freagrach as na coinníollacha sin a chur i bhfeidhm agus conas atá sé i gceist agat gné an smachta reachta a neartú sa chéad CAI eile?*
*Cad iad na pleananna atá agat chun cosaint na meán neamhspleách, na n-iriseoirí neamhspleácha agus na ngníomhaithe ar son chearta an duine a neartú tuilleadh? Cad iad na bearta atá beartaithe agat chun cur chun feidhme EMFA a áirithiú, lena n-áirítear maidir le foinsí iriseoireachta agus cumarsáid rúnda a chosaint ar fhaireachas cunórach? An dtíolacfaidh tú togra reachtach chun a áirithiú go mbeidh úsáid uirlisí faireachais chunóraigh ag gníomhaithe poiblí agus príobháideacha i gcomhréir le caighdeáin dhaonlathacha, le prionsabail an smachta reachta agus leis an gCairt, i gcomhréir le moltaí Pharlaimint na hEorpa? Cad iad na príomhthograí a bheidh sa Sciath um an Daonlathas Eorpach, lena n-áirítear maidir le sláine na bpróiseas daonlathach agus na dtoghchán in AE a chosaint? An smaoineoidh tú ar reachtaíocht a mholadh lena leathnófar raon feidhme threoir SLAPP chun gach cás a bhaineann le SLAPP a chur san áireamh (lena n-áirítear faoin dlí coiriúil)?*

Is iad an smacht reachta, cearta bunúsacha agus an daonlathas is bunchloch don Aontas seo againne agus i saol an lae inniu, ní mór dúinn go léir na luachanna sin a chur chun cinn, tacú leo agus iad a chosaint. Mar a aithnítear sna Treoirlínte Polaitiúla, beidh ár dtodhchaí ag brath ar dhaonlathas láidir a bheith againn agus ar chosaint na luachanna a thugann deis dúinn ár gcearta agus ár saoirsí a fheidhmiú. Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, leanfaidh mé den obair ríthábhachtach seo a dhoimhniú chun ár ndaonlathas a chosaint agus ár luachanna a chaomhnú, i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus Daonlathas, le Coimisinéirí freagracha eile, agus le hInstitiúidí eile an Aontais.

Measaim go bhfuil an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta ar cheann de na codanna is tábhachtaí dár mbosca uirlisí maidir leis an smacht reachta. Ach faireachán córasach agus oibiachtúil a dhéanamh ar staid an smachta reachta sna Ballstáit uile, rannchuidítear le neartú ullmhacht na mBallstát, agus an Aontais ina iomláine, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta. Is léir go mbíonn tionchar dearfach ag an Tuarascáil, agus go bhfuil sí féin agus na moltaí a ghabhann léi ag éirí níos éifeachtaí de réir a chéile maidir le hathchóirithe nithiúla a spreagadh sna Ballstáit i ngach réimse a chumhdaítear lena raon feidhme. Is fíor sin freisin

i gcás thíortha an mhéadaithe atá comhtháite i bpróiseas na Tuarascála maidir leis an Smacht Reachta, agus a chuirfear san áireamh amach anseo, ós rud é go n-áirithítear léi go leanfar de na hathchóirithe a dhéanfar roimh an aontachas i bhfad i ndiaidh an aontachais féin. Is féidir an obair sin a neartú agus a chomhdhlúthú a thuilleadh, trí nasc níos dlúithe le caiteachas an Aontais agus tríd an timthriall tuairiscithe a shaibhriú, mar shampla.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí chun an nasc idir tacaíocht airgeadais agus moltaí do na Ballstáit ón Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta a threisiú agus chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'athchóirithe i leith an smachta reachta trína áirithiú gur féidir cistiú an Aontais a thiomnú do bhearta náisiúnta, bearta maidir leis an éilliú a chomhrac agus leasanna airgeadais an Aontais a chosaint mar shampla.

Tacaím go hiomlán freisin leis an sprioc a leagtar amach sna Treoirlínte Polaitiúla gné an Mhargaidh Aonair den tuarascáil maidir leis an smacht reachta a neartú. Ní riail theoiriciúil atá sa smacht reachta – tá tionchar ríthábhachtach aige ar shaol na saoránach i ndaonlathas. Agus tá tionchar ollmhór aige ar ár rathúnas freisin. Córais cheartais éifeachtacha, an comhrac i gcoinne an éillithe, agus an dea-reachtaíocht faoi réir córas srianta agus ceartúchán, ní hamháin gur cuid lárnach iad de chosaint na gceart bunúsach agus an daonlathais, ach tá ábharthacht dhíreach eacnamaíoch ag baint leo freisin, agus tá tionchar acu ar an infheistíocht, ar an iomaíochas agus ar phoist. Dá bhrí sin, tá sé ag luí le ciall níos mó béime a chur ar shaincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta a dhéanann difear do chuideachtaí atá ag feidhmiú sa mhargadh aonair.

Bhí an Tuarascáil éifeachtach agus beidh feasta, toisc go bhfuil an-bhunús léi agus gur maith mar atá sí dírithe. Is leathan an raon feidhme a chumhdaítear léi, agus tá tuilleadh leithid fós anois ann a bhuí le neartú ghné an Mhargaidh Aonair. Chaithfí scrúdú cúramach a dhéanamh ar aon leathnú breise chun cearta bunúsacha nó luachanna eile de chuid Airteagal 2 CAE a chumhdach. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, rachaidh mé i dteagmháil le Parlaimint na hEorpa maidir le conas is féidir linn dul i mbun rannpháirtíochta i dtaobh cearta bunúsacha, go háirithe maidir leis an obair a bheidh ar siúl againn chun cur i bhfeidhm na Cairte a neartú (féach an freagra thuas).

An dlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa agus le Coiste LIBE na Parlaiminte maidir le cosaint agus cur chun cinn an smachta reachta, ceart bunúsach agus an daonlathais, is comhar é atá ríthábhachtach maidir leis an obair sin a thabhairt chun tosaigh ar leibhéal an Aontais. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, táim réidh chun féachaint ar bhealaí chun ár gcomhar a neartú agus naisc bhreise a thógáil idir na snáitheanna éagsúla oibre. D'fhéadfaimis, mar shampla, malartú rialta a dhéanamh i ndáil leis na tuarascálacha agus na tionscnaimh éagsúla maidir le luachanna an Aontais. Smaoineamh eile a moladh is ea grúpa teagmhála ina ndéanfaí forbairtí maidir leis an smacht reachta a phlé go rialta, grúpa ina mbeadh an Chomhairle páirteach freisin.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, áiritheoidh mé go ndéanfar na huirlisí uile atá ar fáil dúinn chun luachanna an Aontais a neartú agus a chosaint a chur i bhfeidhm go hiomlán, ar bhealach ina mbeidh sineirgíocht agus comhleanúnachas eatarthu.

Táim lántiomanta dlí an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach, lena n-áirítear trí imeachtaí um shárú nuair is gá. Is bunphrionsabail de dhlíchóras an Aontais iad tosaíocht dhlí an Aontais agus urraim do bhreithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus ní mór dúinn seasamh leis na prionsabail sin ina n-iomláine.

Tacaím freisin le hAirteagal 7 CAE a chur i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí agus, má dheimhnítear m'ainmniúchán, leanfainn den Chomhairle a chur ar an eolas go rialta maidir leis an staid san Ungáir i ndáil leis an nós imeachta faoi Airteagal 7(1) CAE atá ar siúl, fad a bheidh na hábhair imní is bonn leis an togra réasúnaithe ón bParlaimint gan réiteach. Ní mór don Chomhairle a áirithiú go láimhseálfar go cothrom an togra réasúnaithe arna chur síos ag an bParlaimint.

Mar a chuir an tUachtarán in iúl go soiléir sna Treoirlínte Polaitiúla, chun maoiniú ón Aontas a fháil, is gá an smacht reachta a urramú. Tá uirlisí tábhachtacha tógtha againn cheana féin chun é sin a áirithiú. A bhuí leis an Rialachán maidir le Coinníollacht, tá ionstraim éifeachtach againn chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta sna Ballstáit, má fhaigheann an Coimisiún amach go ndéanann sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta difear go díreach nó go bhfuil baol mór ann go ndéanfaidís difear do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó do leasanna airgeadais an Aontais ar bhealach sách díreach. Tá dreasacht thábhachtach curtha ar fáil freisin ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), i gcomhar leis an gcoinníoll cumasúcháin cothrománach faoin mBeartas Comhtháthaithe, le haghaidh athchóirithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an smachta reachta i roinnt Ballstát, bunaithe ar obair an tSeimeastair Eorpaigh agus ar an

Tuarascáil bhliantúil maidir leis an Smacht Reachta freisin. Tá 'sár-gharspriocanna' i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta roinnt Ballstát, cuid acu a bhaineann le hathchóirithe ar an smacht reachta, ar garspriocanna iad nach mór a bhaint amach sular féidir le cistí tosú ag sreabhadh, ar mhaithe le cosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú.

Ag féachaint chun cinn dúinn, má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí chun a áirithiú go leanfaidh an chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile de bheith ag áirithiú go mbeidh coimircí láidre ann maidir leis an smacht reachta. Cuirfidh coimircí den sórt sin le cur i bhfeidhm leanúnach an chórais ghinearálta coinníollachta, agus is féidir leo déanamh de réir shampla NextGenerationEU agus na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, a léirigh conas is féidir le cistí an Aontais athchóirithe ar an smacht reachta a chur chun cinn sna Ballstáit, sin agus de réir shampla na gCoinníollacha Cumasúcháin Cothrománacha. Leis an obair, d'fhéachfaí le nasc níos dlúithe a fhorbairt idir na moltaí sa Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta agus tacaíocht airgeadais faoi bhuiséad an Aontais, agus le leanúint ag an am céanna de shineirgí láidre agus comhsheasmhacht leis an obair a dhéantar i gcomhar leis na Ballstáit faoin Seimeastar Eorpach a áirithiú.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, beidh cosaint agus cothú ár ndaonlathais ar cheann de na tosaíochtaí is mó a bheidh agam le linn thréimhse mo shainordaithe, mar a mhínigh mé cheana i bhfreagraí eile roimhe seo. Stiúrfainn an obair ar Sciath um an Daonlathas Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí tromchúiseacha don daonlathas san Aontas. Ag tógáil ar an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach agus ar an bPacáiste maidir le Cosaint an Daonlathais, agus ag obair i gcomhar le mo chomh-Choimisinéirí faoi threoir an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas, dhoimhneoinn an obair chun ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis agus bréagaisnéis a chomhrac, chun cothroime agus sláine na dtoghchán a chosaint agus córas daonlathach srianta agus ceartúchán a neartú, chun tacú lenár n-athléimneacht agus ullmhacht shochaíoch a fhorbairt a thuilleadh, agus chun saoránaigh a chur i gcroílár ár ndaonlathais. Is féidir linn cur lenár bhfeasacht staide agus lenár gcumas coiteann bagairtí a bhrath, anailís a dhéanamh orthu, agus iad a chomhrac go réamhghníomhach. Is éard a bheidh i gceist leis sin comhordú níos fearr agus dlús a chur leis na hiarrachtaí maidir le cosc agus maidir le príomhscileanna a thabhairt do shaoránaigh chun a mbealach a dhéanamh tríd an spás faisnéise, amhail litearthacht sna meáin agus litearthacht dhigiteach. Ba cheart dúinn féachaint freisin leis an gcomhar a neartú a thuilleadh trí chomhlachtaí amhail an Líonra Comhair Eorpach um Thoghcháin, le tacú le forbairt uirlisí oibríochtúla agus fothaithe acmhainneachta chun cothroime na dtoghchán a chaomhnú agus chun sláine na dtoghchán a chosaint, amhail trí stór AE de dhea-chleachtais a bhaineann le toghcháin, agus le bearta a fhorbairt chun tacú le sábháilteacht iarrthóirí polaitiúla agus ionadaithe tofa.

Tá ról ríthábhachtach ag iriseoirí, ag na meáin neamhspleácha agus ag cosantóirí chearta an duine inár ndaonlathais, ó chuireann siad le cosaint na gceart bunúsach agus gníomhaíonn siad mar bhuíon faire i leith sáruithe ar an smacht reachta. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, beidh sábháilteacht agus cosaint na ndaoine sin ar cheann de phríomhaidhmeanna mo chuid oibre. Chuige sin, thabharfainn aird ar leith ar ghlacadh Mholadh 2021 maidir le sábháilteacht iriseoirí ag na Ballstáit agus ar ghlacadh Mholadh 2022 maidir le hiriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a chosaint ar SLAPPanna, agus ghlacfainn céimeanna breise de réir mar ba ghá. D'oibreoinn faoi stiúir an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas chun éascaíocht a dhéanamh do chur chun feidhme tapa agus ceart an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán. Ba thosaíocht luath é a áirithiú go bhfuil an Bord Eorpach um Sheirbhísí Meán faoi lán seoil, agus aird ar leith á tabhairt ar na rialacha maidir le craoltóirí poiblí, cosaint iriseoirí agus neamhspleáchas eagarthóireachta na meán, lena n-áirítear treoirlínte chun coimircí a chur i bhfeidhm i gcoinne ábhar ar líne arna fhoilsiú ag cuideachtaí meán creidiúnacha a bhaint anuas go treallach.

A mhéid a bhaineann le tuilleadh reachtaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann i gcoinne SLAPPanna, is é an chéad uaillmhian a bheadh agam a áirithiú go gcuirfí na huirlisí atá ann cheana chun feidhme go pras agus go dícheallach, arb uirlisí iad lena gcomhcheanglaítear coimircí láidre reachtacha chun iriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a chosaint ar SLAPPanna in imeachtaí sibhialta trasteorann le gnéithe reachtaíochta boige faoin Moladh gaolmhar ón gCoimisiún, a bhfuil feidhm acu maidir le gach cineál imeachta. Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ar chur chun feidhme na n-ionstraimí sin agus leanfar de sin. Ba cheart go gcothódh sé sin machnamh ar na céimeanna breise a d'fhéadfaí a ghlacadh ar leibhéal an Aontais chun iriseoirí agus cosantóirí ceart a chosaint. Déanfar an machnamh céanna i ndlúthchomhar le líonra pointí fócasacha an Aontais maidir le SLAPPanna, líonra a bhunaigh na Ballstáit.

Céim thábhachtach a bhí sa Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán ó thaobh aghaidh a thabhairt ar úsáid uirlisí faireachais ionsáite. Cuimsítear ann toirmeasc ginearálta ar bhogearraí faireachais cunóracha i bhfeistí a úsáideann soláthraithe seirbhíse meán, lena n-áirítear iriseoirí, ar toirmeasc é lena ngabhann eisceachtaí atá sainithe go mion,

agus atá faoi réir dianchoinníollacha substainteacha agus nós imeachta. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, cinnteoidh mé go ndéanfar faireachán cúramach ar chur i bhfeidhm na forála sin. Mar a chuir an Coimisiún in iúl do Pharlaimint na hEorpa sna freagraí a thug sé ar na rúin thiomnaithe, rachfar i gcomhairle leis na Ballstáit maidir le togra neamhreachtach i ndáil le bogearraí faireachais cunóracha a bheith á n-úsáid ag údaráis náisiúnta san Aontas, agus is ó thaobh na cosanta sonraí de go háirithe a bhreathnófar an tsaincheist sin.

**11. Ceartas coiriúil**

*Cad iad na príomhthosaíochtaí a bheidh agat i réimse an cheartais choiriúil? Conas a áiritheoidh tú cur chun feidhme iomlán na n-ionstraimí reachtacha a glacadh sa téarma roimhe seo, lena n-áirítear an pacáiste r-fhianaise, agus cén ról a bheidh agat maidir le comhsheasmhacht ionstraimí an dlí shubstaintigh choiriúil a áirithiú? Conas a áiritheoidh tú go gcoinneoidh an ceartas coiriúil suas le forbairt na dteicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear an intleacht shaorga, maidir le teicneolaíochtaí nua a úsáid le haghaidh córas ceartais choiriúil níos éifeachtúla, ach freisin nuair is gá sáruithe an-tromchúiseach, (e.g. rialacha cosanta sonraí) a tharla trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht, a choiriúlú?*
*Cad iad na bearta is féidir a dhéanamh chun an comhar breithiúnach idir na Ballstáit a fheabhsú tuilleadh, le tacaíocht ó Eurojust, agus chun an córas ceartais choiriúil a dhéanamh níos éifeachtúla chun an choireacht a chomhrac? Beidh neartú an Bharántais Ghabhála Eorpaigh ar cheann de na misin a bheidh agat; an ndéanfá amhlaidh trí ionstraim reachtach nua a mholadh nó trí dhíriú ar an gcreat dlíthiúil reatha a chur i bhfeidhm ar bhealach níos fearr?*
*Cad iad na bearta nithiúla atá beartaithe agat a dhéanamh chun cur chuige frithéillithe an Aontais a threisiú agus chun an comhordú agus na sineirgí a neartú idir comhlachtaí éagsúla an Aontais, atá inniúil ar an bhfrithéilliú, agus na Ballstáit? An molfaidh tú reachtaíocht nithiúil sa réimse seo? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat tacú le OIPE, a bhfuil roinnt dúshláin phraiticiúila os a chomhair, go háirithe srianta foirne agus buiséadacha, a chuireann a éifeachtacht i mbaol? An ngeallfaidh tú go molfaidh tú athbhreithniú ar Rialachán OIPE, lena n-áirítear a inniúlachtaí a leathnú agus, má gheallann, cad iad na coireanna a dhéanfar ina leith?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, ceann de na príomhthosaíochtaí a bheidh agam is ea a áirithiú go n-úsáidfear an dlí coiriúil ar leibhéal an Aontais chun ár saoránaigh a chosaint go héifeachtach, chomh maith le luachanna agus leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Ba mhaith liom a fhiosrú cé mar ab fhéidir tuairimí a bhailiú ó Pharlaimint na hEorpa, ó na Ballstáit, ó na húdaráis náisiúnta agus ón tsochaí shibhialta maidir le conas tuilleadh úsáide a bhaint as dlí coiriúil an Aontais chun an choireacht a chomhrac go héifeachtach. Sa chomhthéacs sin, beidh mé ullamh chun rannchuidiú agus tacú leis an gCoimisinéir um Ghnóthaí Inmheánacha agus um an Imirce i ndáil le ullmhú Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach. Rudaí eile a bheidh i measc mo chuid príomhthosaíochtaí is ea comhaontú a éascú idir comhreachtóirí maidir le tograí tábhachtacha atá ar feitheamh amhail an Treoir maidir le Cearta Íospartach agus an Treoir maidir leis an éilliú a chomhrac, agus ardleibhéal uaillmhéine a choinneáil ag an am céanna.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, díreoidh mé freisin ar chur chun feidhme éifeachtach comhsheasmhach na n-ionstraimí atá ann cheana, lena n-áirítear trí threoir agus idirphlé feabhsaithe i gcásanna inar cuidiú a leithéid, agus trí nósanna imeachta um sháruithe i gcásanna inar gá. Bheadh an méid sin ina chuid de mo thuairisciú bliantúil ar dhul chun cinn agus ar shaincheisteanna maidir le cur chun feidhme. Ba mhaith liom tuilleadh céimeanna praiticiúla a fhorbairt chun cuidiú leis na Ballstáit maidir le cur chun feidhme, amhail an t-ardán TF díláraithe atá ar an bhfód anois chun gur féidir cumarsáid shlán iontaofa a bheith ann idir údaráis bhreithiúnacha agus/nó soláthraithe seirbhíse. A mhéid a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar sháruithe an-tromchúiseach ar rialacha cosanta sonraí trí theicneolaíocht a úsáid, le RGCS agus leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i Réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, ceanglaítear ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha i leith sáruithe ar na rialacha éagsúla. D'áiritheoinn go gcomhlíonfadh na Ballstáit an oibleagáid sin.

Dhá phríomhthosaíocht eile a bheadh i gceist is ea feabhas a chur ar an gcomhar breithiúnach, le tacaíocht ó Eurojust freisin, agus córais cheartais choiriúil a dhéanamh níos éifeachtúla ó thaobh coireanna a chomhrac de. Ba cheart bealaí cumarsáide slána a bhunú idir na húdaráis náisiúnta agus Eurojust, agus breathnóidh mé go cúramach ar thorthaí na meastóireachta atá ar siúl, féachaint an gcuidiú a bheadh in athruithe ar Rialachán Eurojust i dtreo is gurbh fhéidir lántairbhe a bhaint as. Ba cheart dúinn smaoineamh freisin ar shainordú Eurojust a leathnú ionas go gcumhdófaí leis stóráil fianaise a bhaineann le réimse eile coireachta seachas an choireacht idirnáisiúnta, an choireacht eagraithe mar shampla. Déanfaidh mé machnamh freisin ar úsáid buanfhoirne comhpháirteacha um imscrúdú a chur ar bhonn foirmiúil, foirne a tástáladh le haghaidh an Lárionaid Idirnáisiúnta um Ionchúiseamh choir an fhogha faoin Úcráin. Ar deireadh, i gcomhar leis an gCoimisinéir um Ghnóthaí Inmheánacha agus um an

Imirce, fiosróidh mé cé mar is fearr is féidir a áirithiú go mbainfidh Eurojust agus Europol lántairbhe as bheith ag obair go i ndlúthchomhar le chéile. A

Tá an Barántas Gabhála Eorpach (BGE) ar cheann de na huirlisí ceartais choiriúil is rathúla atá ag an Aontas ach tá sé tábhachtach an taifead sin a choinneáil tráth atá athrú ag teacht ar chúinsí. Ós rud é gur breis agus 85 bhreithiúnas atá tugtha go dtí seo ag an gCúirt Bhreithiúnais maidir le BGE, tá sé deacair ar chleachtóirí feasta fanacht ar an eolas. Tá dúshláin ag baint freisin leis an idirghníomhaíocht idir BGE agus Cinntí Réime eile, amhail aithint breithiúnas lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeádta agus forfheidhmiú na bpianbhreitheanna sin i mBallstáit eile. Dhéanfainn machnamh ar bhealaí chun éifeachtacht BGE a fheabhsú a thuilleadh.

Tá an digitiú agus úsáid theicneolaíocht na hintleachta saorga tábhachtach freisin i dtaobh éifeachtúlacht a bhaint amach in earnáil an cheartais choiriúil, ó fhágann sí gur féidir próisis a chuíchóiriú agus a éascú, próisis le haghaidh comhar breithiúnach san áireamh. D'fhéadfadh úsáid teicneolaíochtaí digiteacha baint den ualach a bhíonn ar bhreithiúna de dheasca gníomhaíochtaí cúnta, rud a thugann níos mó ama dóibh chun díriú ar ghnó lárnach. Cur chun feidhme an Phacáiste um Dhigitiú sna blianta atá romhainn, is rud é a bheidh ina chéim thábhachtach. D'fhiosróinn cé mar ab fhéidir tacú leis na Ballstáit maidir le húsáid IS agus uirlisí TF eile i réimse an cheartais, mar chuid de straitéis a bheidh ann amach anseo i ndáil le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha i réimse an cheartais.

Is réimse é an comhar breithiúnach a bhfuil forbairt mhór tagtha air le blianta beaga anuas, agus ní mór dúinn leanúint den obair sin. Ina theannta sin, tá dúshláin roimh chóras ceartais choiriúil an Aontais a gcaithfear dul thar theorainneacha an Aontais más áil linn aghaidh a thabhairt orthu. Dá bhrí sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, leanfaidh mé de dhlúthchomhar idir an tAontas agus tríú tíortha a threisiú chun comhar breithiúnach a éascú sa chomhrac i gcoinne coireanna tromchúiseacha, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, smuigleáil daoine agus gáinneáil ar dhrugaí.

Déanann an t-éilliú dochar d'éifeachtacht an bheartais phoiblí agus do mhuinín na saoránach as na hinstitiúidí stáit agus poiblí araon. Sna Treoirlínte Polaitiúla, tarraingíodh aird go háirithe ar an gcaoi ar cheart don Aontas agus do na húdaráis náisiúnta oibriú as lámh a chéile chun aghaidh a thabhairt ar an méid sin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, is í an chéad chéim thábhachtach a ghlacfaí sa réimse sin an chaibidlíocht i ndáil leis an Treoir maidir leis an éilliú a chomhrac a thabhairt chun críche. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, forbróidh mé an chéad straitéis frithéillithe de chuid an Aontais, straitéis a bheidh bunaithe ar chomhdhearcadh agus ar chomhairliúchán leathan, go háirithe le Parlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit. Rud a fhéadfaidh a bheith ina bhunús tábhachtach maidir leis an méid sin is ea obair Líonra an Aontais i gcoinne an éillithe, líonra a bhunaigh an Coimisiún in 2023. Chuirfeadh an méid sin cur chuige soiléir AE ar fáil maidir le hobair frithéillithe, agus is léir gur gné ríthábhachtach a bheadh i gcomhar neartaithe idir leibhéal an Aontais agus leibhéal na Ballstáit, agus idir na Ballstáit féin.

Ar bhonn níos ginearálta, má dheimhnítear m'ainmniúchán, fiosróidh mé, i gcomhar leis an gCoimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí, bealaí breise chun cistiú ón Aontas a thiomnú do bhearta maidir leis an éilliú a chomhrac, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an éilliú a chosc.

A mhéid a bhaineann le OIPE, i gcomhréir leis na Treoirlínte Polaitiúla agus leis an litir mhisin a cuireadh chugam, má dheimhnítear m'ainmniúchán, seolfaidh mé seisiúin mhachnaimh maidir le cé acu atá nó nach bhfuil cumhachtaí nua de dhíth ar OIPE chun gnéithe den choireacht trasteorann a scrúdú. Chuige sin, oibreoidh mé chun dlús a chur leis an meastóireacht atá ar siúl i leith Rialachán OIPE. Tá foireann agus buiséad OIPE treisithe go mór ag an údarás buiséadach le blianta beaga anuas. Déanfaidh mé mo dhícheall chun a áirithiú go leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do OIPE, chun go mbeidh sé in ann an misean tábhachtach atá aige a chur i gcrích, agus i dtaca leis an méid sin, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí.

<u>Ceist ón gCoiste um Buiséid</u>

*12. I do litir mhisin, cuireann an tUachtarán de chúram ort nasc níos dlúithe a chruthú idir na moltaí sa tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta agus tacaíocht airgeadais faoi bhuiséad an Aontais. Iarrann sí freisin go mbeadh coimircí láidre maidir leis an smacht reachta sa bhuiséad fadtéarmach a bheidh ann amach anseo.*
*Sa chomhthéacs sin, ós rud é gurb é an cúram a bheidh ort a áirithiú go leanfaidh urraim don Smacht Reachta de bheith ina riachtanas do chistí AE, cad iad na bearta nithiúla atá beartaithe agat a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach ar bhealach dian agus tráthúil ar mholtaí na tuarascála maidir leis an Smacht Reachta a mbeidh tionchar acu ar bhuiséad AE agus cad iad na socruithe oibre a chuirfidh tú i bhfeidhm chun comhoibriú leis an gCoimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí agus an roinnfidh tú*

*leis an bParlaimint na measúnuithe leanúnacha maidir le coinníollacha cumasúcháin don Bheartas Comhtháthaithe?*

Chun maoiniú ón Aontas a fháil, is gá an smacht reachta a urramú, agus is mar sin a bheidh amach anseo freisin. Is forbairt an-dearfach ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha iad an Rialachán maidir le Coinníollacht agus an Coinníoll Cumasúcháin Cothrománach a bhaineann leis an gCairt. Leag mé amach sa fhreagra a thug mé ar cheist 10 conas is gá dúinn tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an obair sin, de réir an chur chuige atá sna Treoirlínte Polaitiúla.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí chun a áirithiú go mbeidh coimircí láidre ann i gcónaí maidir leis an smacht reachta sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile. Cuirfidh coimircí den sórt sin le cur i bhfeidhm leanúnach an chórais ghinearálta coinníollachta, a bhfuil feidhm aige maidir leis na cistí sin, mar a leagtar amach sna Treoirlínte Polaitiúla, agus leas á bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh ó úsáid an chórais sin go dtí seo.

Tá bosca uirlisí cuimsitheach curtha le chéile againn agus cé go bhfuil a rialacha agus a réasúnaíocht féin ag gach ceann de na hionstraimí sin, ní mór dóibh feidhmiú go maith le chéile. Is tábhachtach an ghné é go n-áiritheofar comhleanúnachas idir na hionstraimí sin agus gníomhaíochtaí gaolmhara, agus oibreoidh mé i gcomhar le mo chomh-Choimisinéirí chun féachaint ar aon deis eile atá ann a gcur i bhfeidhm a chuíchóiriú chun go mbeidh sé níos éifeachtaí. Is tábhachtach an fhoinse í an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta agus na moltaí a ghabhann léi chun faireachán a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta sna Ballstáit, agus tá siad i gcroílár na measúnuithe a dhéantar faoin Rialachán maidir le Coinníollacht. Mar sin féin, cásanna a thagann faoi shainchúram an Rialacháin maidir le Coinníollacht, lena n-áirítear cásanna a eascraíonn ón Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta, éilíonn siad measúnú fianaise-bhunaithe ar an nasc le buiséad an Aontais, i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla agus mar a dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais.

A mhéid a bhaineann leis na measúnuithe atá ar siúl maidir le coinníollacha cumasúcháin i leith an Bheartais Comhtháthaithe, tá measúnú cúramach déanta ag an gCoimisiún ar chomhlíonadh na gceanglas is gá agus leanfaidh sé den mheasúnú sin sula ndéanfar cinntí. I ndáil leis sin, ní mór dó an spás is gá dá phróiseas cinnteoireachta inmheánach a chosaint. Tugann an Coimisiún dá aire freisin an dualgas atá air comhar dílis a dhéanamh leis an mBallstát lena mbaineann, ós rud é go bhfuil an faireachán ar chomhlíonadh na gcoinníollacha cumasúcháin cothrománacha bunaithe ar idirphlé agus rannpháirtíocht leanúnach idir an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann, agus i bhfianaise íogaireachtaí polaitiúla an phlé maidir le buiséad an Aontais. Laistigh den chreat seo, beidh mé réidh, má dheimhnítear m'ainmniúchán, le bheith ag obair libh chun an sreabhadh faisnéise díreach is fearr is féidir a áirithiú.

<u>Ceist ón gCoiste um Rialú Buiséadach</u>

*13. I do litir mhisin, cuireann an tUachtarán de chúram ort cur chuige Aontais a fhorbairt i leith an fhrithéillithe agus oibriú leis an gCoimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí chun a chinntiú gur féidir cistiú an Aontais a thiomnú do bhearta náisiúnta chun an t-éilliú a chomhrac.*
*An bhféadfá tuilleadh sonraí a thabhairt faoin gcaoi a gcomhoibreoidh tú leis an gCoimisinéir um an mBuiséad maidir leis na bearta nithiúla atá beartaithe agat a dhéanamh agus an bhféadfá a mhíniú freisin cén fáth a mbeadh níos mó airgid ón Aontas ag teastáil ó na Ballstáit chun an t-éilliú a chomhrac? Nach mbeadh sé níos fearr OIPE a chumasú ar bhealach níos fearr agus tacú leis na Ballstáit ar bhealaí eile?*
*Conas a dhéanfaidh tú cosaint an Mhargaidh Aonair a ionchorprú i gcreat an Aontais maidir leis an Smacht Reachta? Cad iad na hathruithe a chuirfidh an Coimisiún chun feidhme chun dlús a chur le nósanna imeachta um shárú i gcoinne na mBallstát as mainneachtain an Margadh Aonair a chosaint?*

Is é an cuspóir atá againn a bheith ag laghdú gach cineál éillithe, ar gach leibhéal, i ngach tír agus i ngach institiúid de chuid an Aontais agus fiú lasmuigh den Aontas agus ní mór dúinn leanúint den obair sin.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, agus mé ag obair i gcomhar leis an gCoimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí, fiosróidh mé bealaí eile chun cistiú ón Aontas a thiomnú do bhearta náisiúnta maidir leis an éilliú a chomhrac agus leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Feictear dom gur dea-shampla atá sa mhéid sin de cheist atá ina díol mór imní don Choimisiún agus do na Ballstáit araon, agus ar féidir leo oibriú i ndlúthchomhar le chéile ina taobh: ba é cion an Choimisiúin den obair sin cuidiú maidir le comhairle a chur ar fáil, le dea-chleachtas a thabhairt le chéile, agus le cistiú a chur ar fáil chun tacú le bearta coisctheacha agus cúnamh teicniúil a chur ar fáil. Rud eile atá i gceist leis sin is ea foghlaim ón taithí a

fuarthas tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) agus trí chur i bhfeidhm an choinníll cumasúcháin chothrománaigh faoin mBeartas Comhtháthaithe, a chuir dreasachtaí tábhachtacha ar fáil le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an smachta reachta, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne an éillithe. Cuid a bheidh ann sin den obair fhoriomlán ar leibhéal an Aontais chun an cur chuige atá againn i leith an smachta reachta agus an chomhraic i gcoinne an éillithe a neartú, agus is rud é a bheith ina chomhlánú ar fhorbairt ceangail níos dlúithe idir an tacaíocht airgeadais agus moltaí ón Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta. I gcomhthreo leis sin, leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do OIPE freisin chun an misean tábhachtach atá aige a chur i gcrích.

Mar atá leagtha amach sa fhreagra a thug mé ar cheist 10, tá sé leagtha amach sna Treoirlínte Polaitiúla conas a dhéanfaí tuilleadh forbartha ar an tuarascáil maidir leis an smacht reachta. Urraim don smacht reachta, go háirithe do chórais cheartais neamhspleácha, ardcháilíochta agus éifeachtúla, don deimhneacht dhlíthiúil agus don chomhionannas faoin dlí, an comhrac i gcoinne an éillithe agus an dea-reachtóireacht – rudaí atá ina gcuid de na measúnuithe faoin Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta i ngach Ballstát – tá siad sin freisin ar na nithe is mó a fhágann gur féidir timpeallacht ghnó a bheith ann a chothaíonn an infheistíocht, fás, poist agus an nuálaíocht, agus tá tionchar acu ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh aonair dá bhrí sin. Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, leanfaidh mé den anailís a chomhdhlúthú agus a dhoimhniú faoin Tuarascáil, rud a áiritheoidh go neartófar gné an mhargaidh aonair chun breathnú ar shaincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta a dhéanann difear do chuideachtaí, go háirithe FBManna, a oibríonn thar theorainneacha.

Tacaím le húsáid na n-uirlisí uile atá ar fáil don Choimisiún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an margadh aonair agus roimh an smacht reachta i ngach Ballstát. Cuid dá bhfuil i gceist leis sin is ea úsáid a bhaint as imeachtaí um shárú i gcásanna ina sáraítear rialacha an mhargaidh aonair, mar shampla de dheasca idirghabhálacha míchuí stáit nó cleachtais riaracháin mhí-úsáideacha a dhéanann dochar do chuideachtaí a thagann as Ballstáit eile. Le cois bheart forfheidhmiúcháin an Choimisiúin, is féidir le cuideachtaí dul go díreach chuig na cúirteanna náisiúnta chun a leasanna a chosaint. Chomh maith leis sin, má bhí na cuideachtaí sin thíos le damáistí a d'eascair as sáruithe ar dhlí an Aontais, féadfaidh siad cúiteamh a lorg os comhair na gcúirteanna náisiúnta, i gcomhréir le prionsabal an dliteanais stáit. I gcásanna ina dteastaíonn léirmhíniú ar dhlí an Aontais, féadfaidh na cúirteanna náisiúnta sin dul ar iontaoibh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh roimh ré faoin nós imeachta i ndáil le dul ar iontaoibh roimh ré a leagtar amach in Airteagal 267 CFAE, agus déanfar amhlaidh i gcás cúirteanna rialaithe deiridh. Tacóidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch san obair thábhachtach a bheidh ar siúl aige chun an Margadh Aonair a chomhdhlúthú agus a dhoimhniú.

Ceist ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

*14. Is cuid ríthábhachtach den daonlathas iad saoirse agus iolrachas na meán. Tá sé tábhachtach a mheabhrú, áfach, i bhfianaise a bhunúis dlí, go bhfuil sé d’aidhm ag an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA) thar aon ní eile margadh inmheánach dea-fheidhmiúil a bhunú le haghaidh seirbhísí meán agus go bhfuil nasc láidir aige le Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc (AVMSD). Ina theannta sin, tugtar aghaidh ann ar ábhar soláthraithe seirbhíse meán ar ardáin an-mhór ar líne agus áirítear ann roinnt forálacha a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar chomhchruinnithe i margadh na meán, leithdháileadh trédhearcach cothrom acmhainní eacnamaíocha, neamhspleáchas eagarthóireachta, feidhmiú neamhspleách na meán seirbhíse poiblí agus cosaint iriseoirí. Dá bhrí sin, conas a áiritheoidh tú go mbeidh dlúthbhaint ag cur chun feidhme an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán le AVMSD, leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus go rachfar i ngleic leis ó thaobh bheartas na meán de?*

Tá an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA) ina dhlúthchuid de bheartas meán an Aontais, agus cuireann sé leis an gcreat seanbhunaithe a leagtar amach i dTreoir Sheirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD). Tá dlúthnasc idir an dá ionstraim sin agus tá siad comhlántach.

I gcomhar le chéile, déanann EMFA agus AVMSD foráil maidir le tacar cuimsitheach rialacha, lena gcothaítear an margadh inmheánach meán agus lena bhfágtar gur féidir le cuideachtaí meán oibriú gan bhac thar theorainneacha agus gur féidir le tomhaltóirí rochtain a bheith acu ar ábhar éagsúil sna meáin. Le EMFA cuirtear béim ar an áit ar leith sin atá ag an earnáil meán sna daonlathais agus sa chultúr seo againne. Forlíonann sé na rialacha lena rialaítear ardáin ar líne faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, trí sheasamh na meán creidiúnach a neartú vis-à-vis cleachtais modhnóireachta ábhair ar ardáin an-mhór ar líne. Bunchloch de chuid EMFA is ea an Bord Eorpach nua um Sheirbhísí na Meán, a dhéanann uasghrádú ar ERGA (an líonra reatha rialtóirí meán faoi AVMSD) agus déanfaidh sé an comhar idir rialtóirí níos éifeachtúla.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán, oibreoidh mé i gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas chun a áirithiú go gcuirfear EMFA chun feidhme go pras agus i gceart. Sa chomhthéacs sin, is é bunú an Bhoird Eorpaigh nua um Sheirbhísí na Meán agus bunú a rúnaíochta an chloch is mó a bheidh ar ár bpaidrín. Leanfaidh an Bord den obair a dhéanann ERGA chun cur chun feidhme comhleanúnach AVMSD a áirithiú i réimsí amhail feiceálacht ábhair leasa ghinearálta, rud atá ríthábhachtach maidir le hinbhuanaitheacht na meán. Ar an gcaoi chéanna, áiritheoimid go gcuirfear chun feidhme go pras rialacha EMFA maidir le hin-aimsitheacht ábhar meán ar theilifísí nasctha agus le tomhas lucht úsáide meán.

Áiritheoimid go mbeidh dul chun cinn maith déanta maidir leis na rialacha a chur chun feidhme roimh an sprioc-am i ndáil le cur i bhfeidhm, is é sin mí Lúnasa 2025. Go ginearálta, tosaíocht mhór a bheidh i gcur chun feidhme na n-ionstraimí sin. Go luath le linn thréimhse an tsainordaithe nua, oibreoimid freisin ar ullmhú na dtreoirlínte maidir le hAirteagal 18 de EMFA lena gcuirtear coimircí i bhfeidhm i dtaca le hábhar creidiúnach meán d’fhonn cosc a chur ar ardáin an-mhór ar líne ábhar eagarthóireachta dlisteanach ar líne a bhaint anuas go treallach agus d’fhonn cosaint níos fearr a thabhairt d’infhaighteacht ábhair eagarthóireachta dhlisteanaigh ar líne.

má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé freisin go leanfaidh an anailís sa tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta de bheith ag cumhdach réimsí faoi EMFA ina n-iomláine amhail comhchruinnithe i margadh na meán, fógraíocht stáit agus cosaint agus sábháilteacht iriseoirí, rudaí a dhéanann difear d’fheidhmiú mhargadh inmheánach na meán.

Ceist ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla

*15. Conas a shamhlaíonn tú do ról maidir leis an dréacht-togra ón gCoimisiún chun leasú a dhéanamh ar Rialachán 1141/2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, atá á phlé faoi láthair? Conas a chosnaíonn tú rogha an Choimisiúin maidir leis an bhformáid athmhúnlaithe don togra thuas vis-a-vis sainchumais reachtacha na Parlaiminte agus cad iad na gníomhaíochtaí sonracha a dhéanfá mar ábhar tosaíochta chun cabhrú leis na comhreachtóirí an tsáinn atá ann faoi láthair sa chaibidlíocht a shárú, go háirithe maidir le rannpháirtíocht ballpháirtithe tríú tír? Conas is féidir linn an t-athmhúnlú a úsáid chun cur ar chumas Páirtithe Polaitiúla Eorpacha lánpháirtiú polaitiúil páirtithe polaitiúla ó thíortha an mhéadaithe a éascú? Cad iad na cosaintí agus na treoirlínte ba cheart a bheith i bhfeidhm, dar leat, chun sláine agus trédhearcacht an phróisis a chinntiú?*
*Sa bhreis ar rannpháirtíocht na bpáirtithe polaitiúla, conas a neartóidh tú na huirlisí do rannpháirtíocht na saoránach i gcinnteoireacht an Aontais?*
*Is oibleagáid dhlíthiúil faoi Airteagal 6(2) de Chonradh Liospóin é aontachas AE leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR), conas a dhéanfá an próiseas aontachais a áirithiú amach anseo? An bhfuil aon ionaid ann á mbreithniú ag an Coimisiún chun go spreagfaí breithiúnais ECHR a bheith á gcur chun feidhme ag Ballstáit an Aontais?*
*An bhféadfá breac-chuntas a thabhairt ar d’fhís chun calaoisí a sheachaint agus trédhearcacht maoinithe maidir le hionadaithe sainleasa a fheabhsú - go háirithe maidir le trasnaíocht eachtrach?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh mé ar theann mo dhíchill tacú leis an bpróiseas chun teacht ar chomhaontú i ndáil leis an togra chun leasú a dhéanamh ar Rialachán 1141/2014 maidir le reacht agus le cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Mar a deirtear sa litir mhisin a cuireadh chugam, oibreoidh mé chun an droichead idir an Pharlaimint agus an Chomhairle a atógáil, agus is éard atá i gceist leis sin go dtabharfaidh mé aitheantas do shaineolas luachmhar na Parlaiminte maidir le feidhmiú iarbhír na bpáirtithe agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, agus go n-éistfidh mé ag an am céanna le hábhair imní bhailí na Comhairle ó thaobh na slándála de. Thacódh mo sheirbhísí leis na comhreachtóirí sa tslí go bhféadfar an leas is fearr is féidir a bhaint as ár dtaithí i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa i mbliana, mar a leagfar amach sa tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis na toghcháin cuir i gcás, as forbairtí geopholaitiúla, agus as obair an Choimisiúin nua chun cabhrú ó thaobh cineálacha cuir chuige a fhorbairt le haghaidh an bealach chun cinn a aimsiú. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh dom an cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa leanúint den obair ar an gcomhad agus ar na céimeanna a ghlac an Pharlaimint go neamhfhoirmiúil maidir le hUachtaránachtaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh, arb é is aidhm dóibh féachaint an bhféadfaí an próiseas caibidlíochta a athsheoladh agus teacht ar chomhaontú.

Is ceist an-teicniúil atá in úsáid an nós imeachta athmhúnlaithe, agus is ceist í a bhaineann le nósanna imeachta reachtacha éifeachtúla a bheith ann thar mar a bhaineann sí le breithniú cúrsaí polaitiúla. De réir an

Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le húsáid níos struchtúrtha a bhaint as teicníocht an athmhúnlaithe i ndáil le gníomhartha reachtacha, is é an t-athmhúnlú an teicníc dhlíthiúil atá le húsáid nuair a chuirtear gníomh eile in ionad gnímh a bhí ann roimhe sin, ar gníomh é a leasaíodh roimhe sin, chun an téacs a chomhdhlúthú agus a shimpliú. Sin go díreach mar atá i gcás an athbhreithnithe is déanaí ar Rialachán 1141/2014: tar éis an dá athbhreithniú a rinneadh roimhe seo (in 2018 agus 2019) agus i bhfianaise an ghá atá le teanga, tagairtí agus forálacha atá imithe i léig a thabhairt cothrom le dáta, ní hamháin gur ghá modhnuithe substainte spriocdhírithe áirithe a dhéanamh ach ba ghá an Rialachán a athmhúnlú freisin.

Na conclúidí ar ar thángthas sna tuarascálacha meastóireachta a dhréachtaigh an Pharlaimint agus an Coimisiún araon agus clásal athbhreithnithe an Rialacháin á chur i bhfeidhm, ba chonclúidí iad a bhí an-chosúil le chéile agus, dá bhrí sin, bhí na tograí a chuir an Coimisiún chun tosaigh ailínithe go mór le hiarrataí na Parlaiminte.

Dá mbainfí comhaontú amach, bheadh sin ina chuidiú ó thaobh na huirlisí is fearr a thabhairt do pháirtithe agus d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha chun lánpháirtiú polaitiúil páirtithe polaitiúla ó thíortha an mhéadaithe a chothú ar an mbealach is trédhearcaí is féidir, chun tacú le sláine agus trédhearcacht an phróisis, go háirithe i dtíortha an mhéadaithe. Is iad na páirtithe polaitiúla Eorpacha na croí-eagraíochtaí inar féidir fíorchultúr polaitiúil Eorpach a theacht chun cinn go rafar, agus measaim gurb iad sin an áit is fearr chun próiseas an mhéadaithe a thionscnamh agus a chur i gcrích. Le rialachas na bpáirtithe agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha tugtar an ráthaíocht go gcuirfear an próiseas sin i gcrích ar bhealach chomh dlisteanach agus is féidir.

Táim ag tnúth le tús a chur leis an obair láithreach bonn, má dheimhnítear m'ainmniúchán, i gcomhar leis na páirtithe uile lena mbaineann agus éisteacht le tuairimí na Parlaiminte maidir le conas na sineirgí cearta a chruthú, an próiseas caibidlíochta a athchóiriú agus é a thabhairt chun críche go rathúil.

Rud a bhfuil béim leagtha air ag an Uachtarán is ea gur cuid lárnach dár ndaonlathas atá i rannpháirtíocht na saoránach. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuideoidh mé ó thaobh cultúr daonlathais rannpháirtigh agus dhioscúrsaigh a chothú, cultúr lena gcomhlánófar agus lena dtreiseofar an daonlathas ionadaíoch. Tá rannpháirtíocht dhaonlathach na saoránach ríthábhachtach maidir lenár ndaonlathais agus caithfear tacú léi, ionas gur féidir dul i bhfeidhm ar sciar níos forleithne den phobal. Chuige sin, ní mór rannpháirtíocht na saoránach i bpróiseas ceaptha beartas an Choimisiúin a phríomhshruthú a thuilleadh, trí chur le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara i gcroílár ár gcórais um rialáil níos fearr. Is féidir linn níos mó a dhéanamh chun cur le hinfheictheacht bhosca uirlisí rannpháirtíochta na saoránach, agus chun gur minice a bhainfear úsáid as: le comhairliúcháin phoiblí ar líne agus deiseanna aiseolais ('Cloisimis uait – comhairliúchán poiblí agus ardán aiseolais'), leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, agus leis an nglúin nua de na Painéil Saoránach Eorpach atá dírithe ar réimsí beartais sainithe. Ar ndóigh, rachaidh mé i bpáirt le mo chomh-Choimisinéirí agus eagróidh mé mo chéad Idirphlé Beartais leis an Aos Óg laistigh den chéad 100 lá de thréimhse mo shainordaithe, agus reáchtálfar idirphlé dá leithéid gach bliain.

Leis an Moladh maidir le cur chun cinn rannpháirtíocht éifeachtach na saoránach agus eagraíochtaí sochaí sibhialta i bpróisis ceaptha beartas poiblí, moladh a glacadh mar chuid den Phacáiste maidir le Cosaint an Daonlathais anuraidh, táthar ag baint fónamh as an taithí a fuarthas aimsir na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa. Tacaíonn sé le dea-chleachtais maidir le rannpháirtíocht na saoránach agus spreagann sé na Ballstáit chun níos mó deiseanna a chur ar fáil do shaoránaigh le páirt éifeachtach a ghlacadh i bpróisis ceaptha beartas phoiblí. Ba cheart dúinn obair leantach a dhéanamh i leith an Mholta sin i gcomhar leis na Ballstáit trí thaithí agus dea-chleachtais a roinnt leis na Ballstáit, agus oibriú freisin i gcomhar le hionadaithe ó údaráis réigiúnacha nó áitiúla, ó eagraíochtaí sochaí sibhialta agus ó bhrateagraíochtaí ar an leibhéal Eorpach agus ar leibhéal na mBallstát. Tacóidh mé freisin le hiarrachtaí chun an ghné Eorpach d'oideachas saoránachta a chothú.

Leag mé amach go mion i gCeist 9 mo chuid smaointe ar an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Táim lántiomanta spreagadh a thabhairt i leith chomhlíonadh na n-oibleagáidí a thagann as an gCoinbhinsiún. Maidir le hábhair a rialaítear le dlí an Aontais, tá sraith leathan uirlisí ar fáil don Choimisiún chun faireachán a dhéanamh ar na Ballstáit maidir le cearta bunúsacha a urramú, agus chun an urraim sin a spreagadh agus a fhorfheidhmiú. Ag an am céanna, tá sé tábhachtach a aithint gur ar Choiste Airí Chomhairle na hEorpa atá an fhreagracht níos leithne as comhlíonadh na mbreithiúnas ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine a áirithiú.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tacóidh mé go gníomhach leis na comhreachtóirí ó thaobh dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis an Treoir atá beartaithe maidir le hionadaíocht sainleasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha. Rud atá den ríthábhacht maidir leis an Margadh Aonair is ea uirlisí coiteanna trédhearcachta agus cuntasachta a thabhairt isteach, lena dtabharfar uirlisí trédhearcachta don Aontas Eorpach a chuirfidh ar a chumas dó an daonlathas a chosaint, a bheith ina shochaí oscailte i gcónaí agus cearta bunúsacha a chosaint, go háirithe saoirse

tuairimíochta agus rochtain ar fhaisnéis. Chomh maith le luach na trédhearcachta inti féin, chuirfeadh sé sin le muinín na ndaoine as ár n-institiúidí daonlathacha agus d'fhágfadh sé gurbh fhearr an t-eolas a bheadh againn ar mhéid, ar threochtaí agus ar ghníomhaithe atá taobh thiar de ghníomhaíochtaí ionadaíochta sainleasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, déanfaidh mé maoirseacht freisin ar an obair chun cothroime agus sláine na dtoghchán a chaomhnú ar bhonn níos ginearálta, agus déanfaidh mé obair leantach i leith an Mholta maidir le toghcháin chuimsitheacha athléimneacha, inar tugadh aghaidh ar cheist an chistithe tríú tír do pháirtithe polaitiúla agus ar thorthaí na Tuarascála atá le teacht ón gCoimisiún maidir le toghcháin Pharlaimint na hEorpa 2024.

<u>Ceist ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne</u>

*16. Sa Choimisiún nua, rinneadh na sainchúraimí comhionannais a dheighilt ó réimse an cheartais, an daonlathais agus na gceart bunúsach. Mar sin féin, tá ábharthacht an chomhionannais maidir leis an gceartas fós ann, go háirithe maidir le tograí reachtacha a rinneadh le linn an Choimisiúin dheireanaigh, mar shampla tograí a bhaineann le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh, nó le cearta íospartach. Conas a thabharfaidh tú tús áite do na comhaid chomhionannais chun comhtháthú leis an gCoimisinéir nua um Chomhionannas a chinntiú, agus leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar thrasuí na gcomhad sin agus ar fhorbairtí nua ina réimsí beartais faoi seach? An ngeallann tú go n-eiseoidh tú togra chun foréigean inscnebhunaithe a thabhairt isteach i liosta choireanna an Aontais a liostaítear in Airteagal 83(1) CFAE?*

Tá dlúthnasc idir an comhionannas, an ceartas, cearta bunúsacha, an smacht reachta agus an daonlathas mar chuid den iarracht níos leithne chun luachanna an Aontais a chaomhnú. Sa Choimisiún atá ag dul as oifig, bhí mo réamhtheachtaí, an Coimisinéir Reynders, i gceannas ar shainchúraimí an cheartais, agus is é an Coimisinéir Dalli a bhí i gceannas ar shainchúraimí an chomhionannais. Is é an dála céanna é ag an gCoimisiún nua: má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, áiritheoidh mé go gcuirfear gné an chomhionannais san áireamh sna beartais go léir a mbeidh mise freagrach astu, agus mé ag obair i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um Chomhionannas.

Déanfaidh mé cuimsitheacht sa daonlathas a chur chun cinn go gníomhach, mar shampla. Bainfidh mé fónamh as an tuarascáil iarthoghcháin ach go háirithe, ina ndéanfar athbhreithniú ar rannpháirtíocht grúpaí éagsúla i dtoghcháin, lena n-áirítear mná, mionlaigh agus grúpaí imeallaithe. Beidh an méid sin mar chuid den Sciath um an Daonlathas Eorpach freisin, rud lena dtabharfar aghaidh ar na rudaí is mó atá ag cur an daonlathais i mbaol san Aontas, agus lena dtabharfar aird ar na grúpaí is mó atá i mbaol. Go leor de na bearta a thabharfainnse chun tosaigh, is bearta iad nach mór gné an chomhionannais a chur san áireamh iontu go sonrach, bearta maidir le sábháilteacht na n-iarrthóirí polaitiúla agus na n-ionadaithe tofa cuir i gcás. I réimse an dlí choiriúil, oibreoidh mé chun nuashonrú na Treorach maidir le Cearta Íospartach a chur chun cinn. Treiseoidh sé sin na cosaintí dá bhforáiltear faoin Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac. Cromfaidh mé ar scrúdú freisin féachaint conas an comhionannas a phríomhshruthú i réimsí eile, amhail beartas tomhaltóirí, i gcás ina bhfuil gné inscne ag baint le patrúin tomhaltais áirithe, mar shampla. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gComhairle agus le Parlaimint na hEorpa chun a áirithiú go nglacfar an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an bhfuathchaint agus leis an gcoireacht fuatha a chur ar liosta choireanna an Aontais. Ar an mbonn sin, d'fhéadfadh an tAontas tuilleadh reachtaíochta a achtú ansin agus cosaint chomhsheasmhach a ráthú dá réir le haghaidh íospartaigh uile na ngníomhartha coiriúla sin ar fud an Aontais.

Maidir le togra féideartha le haghaidh coir AE nua faoi Airteagal 83(1) CFAE a dhéanamh den fhoréigean inscnebhunaithe, is coir AE atá i dteacht i dtír gnéasach ar mhná agus ar chailíní cheana, agus mar gheall ar an gcoir sin tá bunús dlí leordhóthanach ann chun coir a dhéanamh den éigniú bunaithe ar easpa toilithe. Chun cur a thuilleadh le liosta choireanna an Aontais, bheadh gá le haontoilíocht sa Chomhairle, mar atá i gcás an togra maidir leis an bhfuathchaint agus leis an gcoireacht fuatha.